

2021

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Séanadh

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas na faisnéise atá sa doiciméad seo a chinntiú, ní ghlacann ÚMICÉ aon fhreagracht ná dliteanas ar bith a eascraíonn as aon earráidí, míchruinneas nó easnamh ag tarlú. Choimeádann ÚMICÉ an ceart chun beart a dhéanamh, nó staonadh ó ghníomh a dhéanamh, a d'fhéadfadh a bheith nó nach bhféadfadh de réir an doiciméid seo.

Clár

Fúinne.....	4
BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2021	5

Caibidil 1 Ráiteas Ón gCathaoirleach agus Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh..... 6

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH.....	7
ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	9

Caibidil 2 Caighdeán Agus Beartas.....11

1. Príomhfheidhmeanna	12
2. Forbairtí suntasacha	12
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	13

Caibidil 3: Maoirseacht Ar Ghairm Na Hiniúcháireachta Agus Na Cuntasafóchta14

1. Príomhfheidhmeanna	15
2. Significant developments.....	15
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	16

Caibidil 4: Maoirseacht Ar Cháilíocht An Tuairiscithe Airgeadais.....17

1. Príomhfheidhmeanna	18
2. Forbairtí suntasacha	18
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	19

Caibidil 5: Maoirseacht Ar Iniúchtaí Ar Eintis Leasa Phoiblí.....20

1. Príomhfheidhmeanna	21
2. Forbairtí suntasacha	21
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	22

Caibidil 6: Forfheidhmiú..... 23

1. Príomhfheidhmeanna	24
2. Forbairtí suntasacha	24
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	25

Caibidil 7: Seirbhísí Corparáideacha 26

1. Príomhfheidhmeanna	27
2. Forbairtí suntasacha	27
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	27

Caibidil 8: Forbairt Eagraíochtúil28

1. Príomhfheidhmeanna	29
2. Forbairtí suntasacha	29
3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó	30

Caibidil 9: Rialachas Agus Struchtúr31

Struchtúr eagraíochta	32
Forléargas ar chúrsaí airgeadais.....	33
Rialachas.....	33
Ráiteas rialachas	34
Oibleagáidí rialachais agus oibleagáidí eile atá ar an earnáil poiblí	35

Caibidil 10: Ráitis Airgeadais 2021 Agus Ráitis Chaolmhara 36

Ráitis Airgeadais 37

Tuarascáil na Stiúrthóirí	38
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach.....	42
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	43
Report for presentation to the Houses of the Oireachtas	44
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais.....	46
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	47
An Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil	48
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	49
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	50

Aguisíní 67

Aguisín 1.....	68
Aguisín 2.....	69
Aguisín 3.....	71
Aguisín 4.....	72
Aguisín 5.....	73
Aguisín 6.....	74


Gluais 75

Misean

Rannchuidiú le timpeallacht rialála láidir a bheith ag Éirinn i réimse an ghnó, trí mhaoirseacht a dhéanamh ar thuirisciú airgeadais agus iniúchóireacht agus rialáil éifeachtach ardcháilíochta i leith ghairm na cuntasáíochta chun leas an phobail, agus an méid sin a chur chun cinn



Ar gCuid Luachanna



STRAITÉISÍ

SNÁITHE 1 Rialáil

STRAITÉIS 1: Formhaoirseacht ar ghairm na cuntasáíochta

STRAITÉIS 2: Athbhreithniú ar an tuairiscíú airgeadais

STRAITÉIS 3: Cigireacht dhíreach ar iniúchóirí ELPanna

STRAITÉIS 4: Imscrúdú agus Fiosrúchán



SNÁITHE 2 Ardchaighdeán a chur chun cinn

STRAITÉIS 1: CILInna (Éire) agus treoir ghaolmhar a fhorbairt

STRAITÉIS 2: Tacú le comhlachtaí cuntasáíochta agus a bhfreagrachtaí rialála á nglacadh orthu féin

STRAITÉIS 3: Tacú le hardchaighdeán maidir leis an tuairiscíú airgeadais

STRAITÉIS 4: Tacú le hardchaighdeán maidir le ELPanna a iniúchadh

STRAITÉIS 5: Dea-chleachtais a scaipeadh



SNÁITHE 3 Ár dtionchar a uasmhéadú

STRAITÉIS 1: Úsáid éifeachtúil ár n-acmhainní airgeadais a áirithiú

STRAITÉIS 2: Éisteacht a fháil

STRAITÉIS 3: Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú

STRAITÉIS 4: Nuálaíocht



Snáithe 1: Rialáil

Maoirseacht ar Ghairm na hIniúchóireachta agus na Cuntasáíochta

Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais

Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúchóireachta d'Iniúchtaí ELP

Forfheidhmiú

Snáithe 2: Ardchaighdeán a chur chun cinn

Caighdeán agus Beartas

Maoirseacht ar Ghairm na hIniúchóireachta agus na Cuntasáíochta

Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais

Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúchóireachta d'Iniúchtaí ELP

Forfheidhmiú

Airgeadas agus Riarachán

Snáithe 3: Ár dtionchar a uasmhéadú

Caighdeán agus Beartas

Maoirseacht ar Ghairm na hIniúchóireachta agus na Cuntasáíochta

Maoirseacht ar Cháilíocht an Tuairiscithe Airgeadais


Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúchóireachta d'Iniúchtaí ELP

Forfheidhmiú


Airgeadas agus Riarachán

Forbairt Eagraíochtúil

Fúinne



BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2021



Caibidil 1

RÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH
AGUS ATHBHREITHNIÚ AN
PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Réamhrá

Is í seo an séú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid ÚMICÉ ('an tÚdarás'). Is cúis áthais dom í a chur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, de réir alt 928(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'). In Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, déantar achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás le linn 2021 chun a mhisean a chomhlíonadh. Sa chuid eile den Tuarascáil seo, tugtar mionsonraí ar an obair sin. Sa Ráiteas uaim, ba mhaith liom díriú ar na gnéithe straitéiseacha arb iad príomhchúram bhord an Údaráis iad, agus ar an seasamh a ghlac an tÚdarás chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn faoi láthair agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith romhainn.

Rialachas

Chuir an tÚdarás tús arís le líon teoranta cruinnithe boird neamhfhíorúla agus thionóil sé lá foirne lasmuigh den oifig le linn 2021. Is mór an cúnamh ó thaobh cur le cumas an bhoird é an deis bailiú le chéile san fhórsa agus saincheisteanna straitéiseacha a phlé, in ainneoin an dul chun cinn sa teicneolaíocht a d'fhág gur fhéadamar cianchruinnithe a reáchtáil le dhá bhliain anuas. Bhí an méid sin amhlaidh go háirithe toisc nach raibh a lán de chomhaltaí boird an Údaráis tar éis teacht le chéile aghaidh ar aghaidh ó ceapadh iad. Ar an drochuair b'éigean don Údarás filladh ar chianchruinnithe ag deireadh na bliana, ach beidh cruinnithe neamhfhíorúla á reáchtáil againn sa ghnáthchúrsa as seo amach.

Luachanna

Thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar a luachanna i rith na bliana. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, a raibh an bord agus an fhoireann páirteach ann agus a rinneadh trí fhóirne agus meithleacha éagsúla, tá trí chroíluch aitheanta againn, mar atá sármhaitheas, neamhspleáchas agus ionracas, agus ceithre iompraíocht lena dtacaítear le gach ceann díobh sin. Tá roinnt athruithe oibríochtúla curtha i bhfeidhm chun na luachanna a chur san áireamh in obair laethúil an Údaráis. Ba mhaith liom an fhoireann a mholadh as cur go mór leis an bpróiseas tábhachtach sin.

Rioscaí

Le cúpla bliain anuas, tá dhá mhír go mór chun tosaigh i gclár rioscaí an Údaráis, an Breatimeacht ar dtús agus ansin COVID-19. Tugadh aghaidh go héifeachtach ar an gcéad riosca díobh sin agus ní réimse riosca suntasach é don Údarás a thuilleadh, agus cé go bhfuil COVID-19 fós ina ualach mór ar an bpobal, ní raibh tionchar aige ar chumas an Údaráis a shainchúram iomlán reachtúil a chomhlíonadh. D'fhág sé sin go raibh an deis ag an mbord machnamh a dhéanamh ar rioscaí in 2021. Bhí seisiún úsáideach seachtarach ag an mbord ar fhonn riosca, agus thug sé a dhúshlán féin agus dúshlán na bhfeidhmeannach féachaint cé na príomhrioscaí atá le sárú ag Údarás. Mar a léirigh COVID-19, ní féidir gach uile riosca a thuar. Is é an rud is tábhachtaí chun dul i ngleic leis na rioscaí sin ná teacht aniar a chothú san eagraíocht. Trína thionscadal luachanna agus trí ghníomhaíochtaí tacaíochta éagsúla eile an bhoird agus an fheidhmeannais, creideann ÚMICÉ gur éirigh leis é sin a dhéanamh.

Imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

Leagtar síos forálacha maidir le rialáil iniúchóireachta i ndlí an Aontais Eorpaigh, agus mar sin tá sé rithábhachtach oiliúint chuí a bheith ar gach iniúcháir ar chlár na hÉireann i dtaobh cheanglais rialála agus reachtúla na hÉireann/an Aontais agus taithí chuí a bheith acu sa réimse sin. Toisc nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas a thuilleadh, shoiléirigh an tÚdarás go bhfuil impleachtaí aige sin i dtaobh líon nach beag iniúcháirí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus a bhíodh cláraithe sa dá dhlíne an tráth céanna. I ndeireadh na dála bheartaigh líon mór iniúcháirí a bhí cláraithe sa dá dlíne iad féin a bhaint de chlár na hÉireann toisc nár fhéad siad ceanglais rialála na hÉireann a chomhlíonadh a thuilleadh. Mar thoradh air sin, chinn dhá chomhlacht cuntasáochta aitheanta, Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain, tarraingt siar ón margadh rialáilte in Éirinn. Ba mhór an cinneadh é sin, ach thuig an tÚdarás an réasúnaíocht a bhí leis. Ba bheag tionchar a bhí aige ar mhargadh na hÉireann i ndáiríre. Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag obair lena chomhghleacaithe Eorpacha ar na saincheisteanna a thagann chun cinn maidir le caitheamh leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír faoi reachtaíocht iniúchóireachta an Aontais.



Tar éis próiseas iomaíoch toghcháin, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil ÚMICÉ tar éis dul ar bhord IFIAR, Fóram Idirnáisiúnta na Rialtóirí Neamhspleácha Iniúchóireachta, ar feadh téarma ceithre bliana.

Caidreamh idirnáisiúnta

Luaigh mé sa ráiteas uaim anuraidh go raibh Éire tar éis páirt a ghlacadh i ngrúpa comhairleach CEEFI, an comhlacht Eorpach trína mbíonn rialtóirí an Aontais ag obair le chéile ar mhaithe le cáilíocht na hiniúchóireachta. Bhí ról mór ag foireann ÚMICÉ agus CEEFI ag breathnú arís ar a mhisean agus ag leagan amach pleananna uailmhianacha chun dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le tograí i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán agus Treoir Iniúchóireachta an Aontais. Tá tús curtha ag an gCoimisiún freisin le hobair ar an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, a rachaidh i bhfeidhm ar eisitheoirí agus iniúcháirí atá faoi shainchúram an Údaráis. Tá an tÚdarás ag dul i ngleic leis an tionscnamh seo agus ag tacú leis ar roinnt coistí Eorpacha agus trí thacú leis an Roinn agus í ag breithniú beartais. Cé go bhfuil na

tograí a chuir an Coimisiún chun cinn dírithe go príomha ar nochtuithe cuideachtaí, d'fhéadfaidís cuspóir agus feidhm na hiniúcháireachta reachtúla a athrú ó bhonn, agus tionchar a imirt dá réir ar rialáil iniúcháireachta. Leanfaidh an tÚdarás de bheith ag cur leis na pléití sin lena chinntiú go mbeidh na tograí deiridh éifeachtach i dtaobh aidhmeanna an Choimisiúin a bhaint amach. Déanfaidh sé faireachán agus pleanáil freisin i ndáil le haon tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar an Údarás féin.

Tar éis próiseas iomaíoch toghcháin, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil ÚMICÉ tar éis dul ar bhord IFIAR, Fóram Idirnáisiúnta na Rialtóirí Neamhspleácha Iniúcháireachta, ar feadh téarma ceithre bliana. Is aitheantas é sin ar an méid a chuir Éire le hobair IFIAR le roinnt blianta anuas, ag na seisiúin iomlánacha agus ar fud roinnt meithleacha de chuid IFIAR. Fágann an bhallraíocht Bhoird go mbeidh léargas níos fearr ag Éirinn ar bheartas atá á fhorbairt ar an leibhéal domhanda chomh maith le deis níos fearr chun dul i gcomhairle lenár bpiaraí ar fud an domhain. Leagtar béim leis an mballraíocht freisin ar bheartas an Údaráis a fógraíodh roimhe seo maidir le rannpháirtíocht níos mó ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Athruithe boird

Chuaigh téarma ceapacháin Mary Burke, ainmní an Bhainc Ceannais, in éag agus d'ainmnigh an Banc Brendan Sheridan ina háit go luath in 2021. Thug Kathleen Redmond, ainmní na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcrích a gearrthéarma leis an Údarás agus tháinig Daniel Sinnott ina hionad go luath in 2021 freisin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mbeirt acu as fónamh linn, go háirithe Mary a bhí ar an mbord ó 2015 i leith.

Ag teannadh le deireadh na bliana athcheapadh an Príomhfheidhmeannach Kevin Prendergast chuig an Údarás ar feadh tréimhse cúig bliana eile. Thacaigh an bord d'aonghuth lena athcheapachán agus táimid ag tnúth lena théarma úr i gceannas ar fheidhmeannas agus foireann an Údaráis. Agus díreach roimh dheireadh na bliana bhí áthas orm nuair a rinneadh mise a athcheapadh freisin chuig ról an Chathaoirligh, ar feadh tréimhse trí bliana. Is mór an onóir dom fanacht ar Bhord an Údaráis.

Thar ceann an bhoird ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd go léir a d'fhreastail go sármhaith ar an Údarás, agus ba mhaith liom mo bhuíochas féin a ghabháil leo siúd a tháinig ag obair linn le bliain anuas.

Tuairimí scoir

In ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú ag an Údarás agus ag cuid mhór den tsochaí le bliain anuas, tá áthas orm dea-fheidhmíocht a thuairisciú arís eile i mbliana. Is gné aitheanta anois den earnáil iniúcháireachta iad tuarascálacha athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta an Údaráis i leith na ngnólachtaí iniúcháireachta, agus aithnítear na caighdeáin a eisíonn sé mar chinn atá ar ardchaighdeán. Mar a léirítear sa chuid eile den tuarascáil seo, táimid fós ag forbairt agus ag feabhsú ár gcur chuige i leith na rialála ar fud réimse an tsainchúraim atá orainn agus muid ag freagairt do chúinsí dúshlánacha a bhíonn seasta ag athrú. An cumas atá ag an Údarás teacht roimh na dúshlán sin, tá sé bunaithe ar an obair

atá déanta aige chun cultúr nuálaíochta a chothú, agus ar an bhfáilte a chuirimid roimh athruithe, chomh maith le sraith luachanna soiléire atá ina dtreoir againn maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre.

Mar a luaigh mé thuas, bhí sé ag teannadh le deireadh na bliana 2021 sula raibh an deis agam bualadh aghaidh ar aghaidh le go leor de chomhaltaí an bhoird den chéad uair. Bhí an méid a chuir siad le pléití an bhoird ar straitéis, riosca agus rialachas chomh léirsteanach agus chomh géarchúiseach is a bhí riamh, agus comhlíonann an bord ina iomláine, ar bhealach stuama, tacúil an dualgas atá air an feidhmeannas a choinneáil cuntasach. Gach bliain déanann an bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht, athbhreithniú a éascaítear go seachtrach, agus tacaítear leis an dearbhú sin san athbhreithniú sin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad ar bhord ÚMICÉ as a ndíograis i leith obair an Údaráis i rith na bliana agus as an méid a rannchuidigh siad leis an obair sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Tánaiste, leis an Aire Stáit le freagracht as Cur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí agus lena gcomhghleacaithe sa Roinn a thacaíonn leis an Údarás trí bhreithniú beartais agus trí chúnadh praiticiúil nuair is gá. Mar is iondúil, gabhaim mo bhuíochas go háirithe leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an bhfoireann ceannaireachta a bhíonn i láthair ag cruinnithe boird agus a rannchuidíonn leo, agus le gach duine d'fhoireann ÚMICÉ. Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair an Údaráis le linn mo chéad téarma eile mar Chathaoirleach chun ardchaighdeán a choinneáil i réim i ngairm na hiniúcháireachta agus na cuntasáíochta.

Martin Sisk
Cathaoirleach
12 Aibreán 2022

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Réamhrá

Is é cuspóir an athbhreithnithe seo forléargas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Údaráis in 2021. Feidhmíonn ÚMICÉ de réir clár oibre trí bliana, agus clúdaítear an tréimhse 2020-2022 sa chlár atá i bhfeidhm faoi láthair. Leagann sé amach plean gnó gach bliain i gcomhréir leis an gclár sin. Leagtar amach na freagrachtaí reachtúla atá air in Acht na gCuideachtaí agus i ndlí an Aontais Eorpaigh. Tá sonraí iomlána i gcorp na tuarascála seo faoin gcaoi ar éirigh leis an Údarás na spriocanna a luaitear ina phlean a bhaint amach. Leagtar béim sa tuarascáil ar phríomhéachtaí an Údaráis chomh maith le samplaí den chaoi ar chuir an tÚdarás a chuid oibre i gcrích i rith na bliana. Tugtar athbhreithniú san achoimre uaimse ar na héachtaí sin agus ar obair an Údaráis in 2021.

Príomhghníomhaíochtaí

Tá ÚMICÉ freagrach as caighdeáin iniúchóireachta agus eiticíúla a ghlacadh i leith iniúchóirí reachtúla in Éirinn. Ar an leibhéal domhanda, déanann IAASB caighdeáin iniúchóireachta a dhréachtú, a fhorpheas agus a ghlacadh. Glacann FRC, rialtóir na Ríochta Aontaithe, na caighdeáin sin, agus nuair a mheastar é a bheith iomchuí féadfaidh sé ceanglais bhreise a chur leo. Is é beartas ÚMICÉ caighdeáin na Ríochta Aontaithe a ghlacadh ar a sheal agus ansin measúnú a dhéanamh féachaint an mbaineann tréithe sainiúla le margadh na hÉireann a mbeadh leasú ar chaighdeán na Ríochta Aontaithe ag teastáil ina leith.

I rith 2021 d'eisigh ÚMICÉ sraith nua caighdeán maidir le bainistíocht cáilíochta i gcás gnóachtaí iniúchóireachta. Faoi ISQM (Éire) 1 agus 2 agus ISA (Éire) 220, éileofar ar gach gnólacht iniúchóireachta cur chuige níos réamhghníomhaí a ghlacadh maidir le rannpháirtíocht le cliaint, measúnú riosca agus faireachán leanúnach ar cháilíocht. Beidh feidhm ag na caighdeáin sin ó mhí na Nollag 2022. Ina dteannta sin, ghlac ÚMICÉ ISRE (Éire) 2410 lena soláthraítear treoir maidir le hathbhreithniú ar fhaisnéis airgeadais eatramhach arna heisiúint ag eintitis liostaithe. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá IAASB ag forbairt caighdeán beartaithe maidir le hiníúchóireacht a dhéanamh ar eintitis nach bhfuil a oiread castachta ag baint leo agus bhí áthas ar ÚMICÉ cruinniú comhchéime Éireannach a óstáil faoi Thograí IAASB, an chéad imeacht for-rochtana poiblí dá leithéid a d'eagraigh IAASB faoin tsaincheist sin.

Áirítear le formhaoirseacht ÚMICÉ ar chomhlachtaí cuntasaióchta na comhlachtaí aitheanta sin ('CCAnna') a bhféadfaidh a gcomhaltaí iarratas a dhéanamh a bheith ar chlár na n-iniúchóirí reachtúla agus liosta níos fairsinge ina gcuimsítear comhlachtaí forordaithe ('CCFanna') a bhfuil a gcuid feidhmeanna dearbhaite cáilíochta agus araíonachta faoi rialú an Údaráis. Toisc nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas Eorpach a thuilleadh, ní féidir oiliúint agus taithí leanúnach na n-iniúchóirí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a aithint ar bhonn dhlí agus ceanglais an Aontais, cé gurb ionann i ndáiríre an dá chaighdeán faoi láthair. Dá réir sin roghnaigh an chuid is mó d'iniúchóirí na gcomhlachtaí aitheanta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe go ndéanfaí iad a dhíchláir ó chlár iniúchóireachta na hÉireann. Maidir le comhlachtaí a aithnítear sa dá dhlínse, d'fhág an t-athrú sin gur díródh aird níos mó ar na ceanglais rialála ar leithligh sa dá dhlínse. Dá réir sin,

rinne dhá cheann de na comhlachtaí sin iarratas go ndéanfaí iad a dhí-aithint agus a dhí-ghorordú mar chomhlachtaí rialaithe. Fágann sé sin nach féidir a gcomhaltaí a chlárú sa Stát a thuilleadh mar iniúchóirí, ná nach féidir leo feidhmiú mar leachtaitheoirí, agus tá impleachtaí aige freisin i dtaobh gairmeacha éagsúla a bhfuil ballraíocht i gcomhlacht rialáilte ina gceanglas conarthach ina leith. Rinne an tÚdarás aitheantas ICAEW a chúlghairm i mí Iúil 2021 agus rinne sé aitheantas ICAS a chúlghairm i mí na Nollag 2021.



Toisc nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ina ball den Aontas Eorpach a thuilleadh, ní féidir oiliúint agus taithí leanúnach na n-iniúchóirí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe a aithint ar bhonn dhlí agus ceanglais an Aontais, cé gurb ionann i ndáiríre an dá chaighdeán faoi láthair

Ag leanúint ar aghaidh ón raon treoirlínte a fógraíodh roimhe seo do na comhlachtaí rialaithe cuntasaióchta, d'eisigh ÚMICÉ treoirlínte breise maidir le hoideachas leanúnach agus feidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta. Leagtar amach sna treoirlínte sin na prionsabail a mbítear ag súil go gcloifidh gach comhlacht leo agus iad i mbun feidhmeanna rialála.

Scrúdaigh an tAonad um Maoirseacht ar Thuairiscíú Airgeadais 37 tuarascáil bhliantúil agus sé thuarascáil leathbhliantúla. Thug 19 n-eisitheoir 86 gealltanais maidir le nochtadh feabhsaithe as seo amach. Ba iad ionstraimí airgeadais an príomhréimse ar bhain na gealltanais leo, ach áiríodh i measc réimsí eile cur i láthair faisnéise, bearta feidhmíochta malartacha a úsáid, nochtadh deighleog oibriúcháin agus tomhas cóirluacha. Ina dteannta sin, bhí an tAonad ag obair lena chomhghleacaithe Eorpacha chun tionchar COVID-19 a shainaithint do thuairisceoirí corparáideacha.

Lean an tÚdarás lena chuid cigireachtaí ar ghnóachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna, agus rinneadh cigireacht ar ocht ngnólacht in 2021. Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar bheartais ar fud na ngnóachtaí, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shampla de 30 iniúchadh ar ELPanna a rinne na gnóachtaí sin. I mí an Mhárta eisíodh an dara babhta tuarascálacha athbhreithnithe maidir le dearbhú cáilíochta. Léiríonn torthaí na gcigireachtaí sin treocht leanúnach chun feabhas maidir le cáilíocht na n-iniúchtaí a athbhreithníodh.

Ó d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí a chigireachtaí ar dtús, tá méadú ó 71% go 93% tagtha ar líon na n-iniúchtaí ar tugadh grád 1 nó 2 dóibh (rud a chiallaíonn go bhfuil an t-iniúchadh ar dhea-chaighdeán). Níor tugadh grád 4 (an grád is ísle) d'aon iniúchadh a luadh i dtuarascálacha foilsithe an Údaráis – sé sin ní raibh aon chás ann ina raibh gá le feabhas mór. D'óstáil ÚMICÉ an dara himeacht faisnéise dá chuid do choistí iniúcháireachta i rith na bliana, inar sholáthair raon cainteoirí léargas do chathaoirligh agus do chomhaltaí coistí iniúcháireachta. Ar an leibhéal idirnáisiúnta ba mhór an onóir do ÚMICÉ gur toghadh é chuig bord IFIAR, an fóram idirnáisiúnta do rialtóirí iniúchta neamhspleácha. Tacaíonn an tÚdarás lena chomhghleacaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chun cur le cáilíocht na rialála ar iniúchtaí trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóiraim idirnáisiúnta nuair is iomchuí. Leanadh ar aghaidh leis na fostaíochtaí sin go léir i bhformáid fhíorúil le linn 2021. Ní mór a rá, áfach, nach iontach an réiteach é sin agus go laghdaítear fiúntas na fostaíochta sin dá bharr. Táthar ag súil go bhféadfar tús a chur le himeachtaí neamhfhíorúla arís in 2022. Bhí an rannpháirtíocht ar leibhéal na hEorpa dírithe ar na leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar an Rialachán agus an Treoir Iniúcháireachta agus freisin ar na tograí nua le haghaidh Treoir maidir le Tuairiscí Inbhuanaitheachta Corparáideach. Bíonn ÚMICÉ ag obair lena chomhghleacaithe agus leis an gCoimisiún Eorpach chun réiteach a aimsiú ar roinnt de na dúshláin iomadúla a bheidh le sárú de bharr na dtograí uaillmhianacha sin.

Ó thaobh an fhorfheidhmithe de, rinne an tÚdarás dhá chomhaontú socraíochta in 2021. I gcás ceann acu sin, rinneadh é le comhpháirtí iniúcháireachta in Mazars maidir le hiniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Le Cuntasóirí Cairte Éireann a bhí an dara socrú agus bhain sé leis an gcaoi ar fheidhmíodar a gcuid nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta i gcás ar leith. Tá roinnt fiosrúcháin agus imscrúduithe fós idir lámha ag an Údarás ag deireadh na bliana.

Rinne an tÚdarás a fheidhm airgeadais agus riaracháin a athstruchtúrú agus a leathnú in 2021, nuair a bhunaigh sé aonad feidhme seirbhíse corparáidí nua atá dírithe go sonrach ar fheidhmeanna acmhainní daonna. Próiseas is ea é sin a bhí de dhíth le fada an lá, i bhfianaise méadú mór a bheith tagtha ar an Údarás le blianta beaga anuas. Chomh maith leis na ceanglais iomadúla reachtúla agus rialála a chomhlíonadh atá air mar ghníomhaireacht phoiblí agus mar chuideachta, rinne an tÚdarás athbhreithniú freisin ar an gcaoi a dtacaíonn sé leis na baill foirne maidir lena bhfeidhmíocht agus lena bhforbairt, agus bhí ceangal idir sin agus an tionscadal um athbhreithniú luachanna ar tugadh faoi le tacaíocht ón aonad um Fhorbairt Eagraíochta. Ina theannta sin, thug an tÚdarás a straitéis nuálaíochta cothrom le dáta i gcomhthéacs straitéis nuálaíochta na hearnála poiblí, ach tugadh aird chuí freisin ar shainchúram agus raon feidhme obair an Údaráis. Tá an straitéis nasctha anois le clár oibre trí bliana an Údaráis. Leanann an tÚdarás ag cur lena láithreachta ar na meáin shóisialta: tá rannpháirtíocht níos mó aige ar LinkedIn agus bhunaigh sé cainéal nua YouTube. Is bealaí breise iadsan go léir ina bhféadfaidh an tÚdarás aird a dhíriú ar an obair a dhéanann sé maidir le cáilíocht iniúcháireachta a chur chun cinn.

Agus é ag freagairt do na dúshláin agus ag tapú na ndeiseanna a tháinig as COVID-19 chun machnamh a dhéanamh ar ár mbeartais oibre, chuir an tÚdarás beartas maidir le hobair sholúbtha i bhfeidhm in 2021. Aithnítear sa bheartas taithí an Údaráis agus é fós ag feidhmiú ag leibhéal an-ard i dtimpeallacht chianoibre, agus féachtar ann leis na buntáistí a aithníodh a choinneáil ar bun ar mhaithe leis an bhfoireann agus leis an Údarás araon.

Tuairimí scoir

Tugadh achoimre anseo ar obair an Údaráis le linn 2021. Tá níos mó sonraí sa chuid eile den tuarascáil seo faoin gcaoi ar chomhlíon an tÚdarás a shainordú, lena n-áirítear sonraí ar conas a bhain gach cuid den Údarás amach na spriocanna a leagadh síos faoin bplean gnó bliantúil. Léirítear leis sin an raon an-leathan gníomhaíochtaí, idir ghníomhaíochtaí lárnacha agus tacaíochta, a dhéanann foireann an Údaráis gach uile bhliain. Leanadh leis an obair sin i bhformáid lánfhíorúil in 2021, rud a raibh a dhúshlán féin ag baint leis. Rinne an tÚdarás obair mhór chun tacú lena bhaill foirne, tríd an tionscadal luachanna, trí sheisiúin fhíorúla oiliúna, agus trí choinneáil air ag soláthar deiseanna dúshlánacha, fiúntacha dá bhaill foirne trí obair laethúil an Údaráis. Ina seál féin, cuireann ár mbaill foirne seirbhís den scoth ar fáil don Údarás ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne a bhíonn ag brath ar ghairm na hiniúcháireachta agus na cuntasaióchta. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as an méid sin a bhaint amach arís eile tráth ar cuireadh ár ndúshlán ar bhealach nach bhfacthas riamh roimhe seo. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mbord as a dtacaíocht le linn 2021. Is príbhleáid fós é an fhoireann feidhmiúcháin agus foireann an Údaráis a threorú, agus táim ag tnúth leis na dúshláin atá amach romhainn.

Kevin Prendergast
Príomhfeidhmeannach
12 Aibreán 2022

Caibidil 2

CAIGHDEÁIN
AGUS BEARTAS

Caibidil 2: Caighdeáin Agus Beartas



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Caighdeán agus Beartais:

- caighdeáin iniúchóireachta, eiticíúla, agus rialaithe cáilíochta a ghlacadh maidir le hiniúchóireacht reachtúil in Éirinn
- cibé treoir agus caighdeáin dearbhaithe a eisiúint a mheasann an tÚdarás is cuí
- rannchuidiú le forbairt bheartas an Údarás ar ábhair rialála agus eile

2. Forbairtí suntasacha

Ghlac ÚMICÉ ceithre Chaighdeán Idirnáisiúnta athbhreithnithe maidir le hiniúchóireacht (Éire) le linn na bliana, chomh maith le leasuithe comhlíontachta gaolmhara. Orthu sin bhí:

- Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistíocht Cáilíochta (ISQM) (Éire) 1 – *Quality Management for Firms that Perform Audits or Reviews of Financial Statements, or Other Assurance or Related Services Engagements* [Rialú Cáilíochta do Ghnólachtaí a Fheidhmíonn Iniúchtaí agus Athbhreithnithe ar Ráitis Airgeadais, nó Fostaíochtaí Dearbhaithe nó Seirbhísí Gaolmhara Eile]; agus
- Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISA) (Éire) 240 – *The Auditor's Responsibilities Relating to Fraud in an Audit of Financial Statements* [Freagrachtaí an Iniúchóra a Bhaineann le Calaois in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais].

Leagtar amach in Aguisín 5 liosta iomlán de na caighdeáin athbhreithnithe a eisíodh le linn na bliana.

In 2021, ghlac ÚMICÉ Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Fostaíochtaí Athbhreithnithe (ISRE) (Éire) 2410 – *Review of Interim Financial Information Performed by the Independent Auditor of the Entity* [Athbhreithniú ar Fhaisnéis Airgeadais Eatramhach arna dhéanamh ag Iniúchóir Neamhspleách an Eintitis]. Is caighdeán dearbhaithe é sin arna oiriúnú d'iniúchóirí Éireannacha atá ag déanamh athbhreithnithe ar ráitis airgeadais eatramhacha arna dtáirgeadh ag eintitis atá liostaithe ar stocmhalartán na hÉireann. Tá feidhm ag an gcaighdeán nua maidir le hiniúchtaí ar ráitis airgeadais eatramhacha i leith na dtréimhsí dar tús an 15 Nollaig 2021 nó ina dhiaidh sin, agus tá glacadh luath ceadaithe.

Mar chomhlánú ar pháipéir chomhairliúcháin agus aiseolais a bhaineann le caighdeáin iniúchóireachta agus dearbhaithe a eisíodh i rith na bliana, tháirg ÚMICÉ cuir i láthair ghearra agus físeáin faisnéise. Is é is cuspóir leo forléargas a thabhairt d'úsáideoirí ar na topaicí a chlúdaítear agus iad a spreagadh chun dul i ngleic níos mó leo trí rochtain a fháil ar na doiciméid iomlána ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.

D'eisigh ÚMICÉ treoirlínte do na CCAnna maidir le hoideachas leanúnach d'iniúchóirí reachtúla chomh maith lena bhfeidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta. Solléirítear sna treoirlínte na hionchais atá ag ÚMICÉ sna réimsí sin, agus is é is cuspóir leo feabhas a chur ar chur chuige na CCAnna i leith a bhfeidhmeanna rialála agus ar an gcomhsheasmhacht ina measc. Tá na treoirlínte ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ sa rannán ([Oversight of the Profession](#)) agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2022.

I rith 2021, lean ÚMICÉ ar aghaidh ag dul i gcomhairle go gníomhach le piaraí, geallsealbhóirí agus socraitheoirí caighdeán. Áirítear ar ghníomhaíochtaí den sórt sin breathnóireacht a dhéanamh ag cruinnithe Ghrúpa Comhairleach Teicniúil FRC, rannchuidiú le freagairt CCEFI ar roinnt comhairliúcháin idirnáisiúnta maidir le caighdeáin atá beartaithe, agus a

litreacha tráchta féin a eisiúint i ndáil le caighdeáin atá beartaithe, nuair is iomchuí. Ina theannta sin, d'eagraigh ÚMICÉ imeacht for-rochtana ar ar fheastail na CCAnna agus gnólachtaí iniúchóireachta agus ag ar thug ionadaithe ón mBord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Iniúchóireachta agus Dearbhaithe (IAASB) forléargas ar an gcaighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta atá beartaithe i leith eintitis nach bhfuil a oiread castachta ag baint leo.

Chomh maith leis sin, rannchuidigh an tÚdarás le hobair Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí (GADC) (an comhlacht comhairleach neamhspleách don Roinn maidir le hábhair a bhaineann le dlí na gcuideachtaí) trí chomhaltas an Phríomhfheidhmeannaigh.

Caighdeáin Bainistíochta Cáilíochta

Chun féachaint chuige gur córais láidre atá ag na gnólachtaí iniúchóireachta agus go dtacaíonn na córais sin go héifeachtach le hiniúchtaí ardchaighdeáin, in 2021 ghlac ÚMICÉ trí chaighdeán idirghaolmhara lena dtugtar aghaidh ar chórais bhainistíochta cáilíochta na ngnólachtaí.

Is iad na caighdeáin nua, a bheidh i bhfeidhm an 15 Nollaig 2022:

- ISQM (Éire) 1 (mar a thuairiscítear thuas), lena dtugtar isteach cur chuige nua rioscabhunaithe faoina gceanglaítear ar ghnólacht dearadh, cur chun feidhme agus feidhmiú a chórais bainistíochta cáilíochta a shaincheapadh ar bhonn chineál agus imthosca an ghnólachta agus bhfostaíochtaí a dhéanann sé. Déileáiltear sa chaighdeán freisin le freagracht an ghnólachta i leith beartais nó nósanna imeachta i ndáil le fostaíochtaí atá faoi réir athbhreithnithe ar a gcáilíocht.
- ISQM (Éire) 2 – *Engagement Quality Reviews* [Athbhreithnithe ar Cháilíocht Fostaíochtaí], ina ndéileáiltear le ceapadh agus le hincháilitheacht an tá a dhéanfaidh athbhreithniú ar cháilíocht fostaíochta, agus le feidhmiú agus doiciméadú an athbhreithnithe ar cháilíocht fostaíochta.
- In ISA (Éire) 220 (arna athbhreithniú Nollaig 2021) – *Quality Management for an Audit of Financial Statements* [Bainistíocht Cáilíochta le haghaidh Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais], déileáiltear le sainfheagrachtaí an iniúchóra i ndáil le bainistíocht cáilíochta maidir le hiniúchadh ar ráitis airgeadais agus le freagrachtaí gaolmhara an chomhpháirtí fostaíochta.

Beidh feidhm ag na caighdeáin nua agus na cinn athbhreithnithe sin maidir le fostaíochtaí iniúchóireachta agus fostaíochtaí dearbhaithe araon. Fágfaidh siad go neartófar cur chuige na ngnólachtaí maidir le bainistíocht cáilíochta agus beartaítear go mbeidh na nithe seo a leanas mar thoradh orthu:

- córas éifeachtach bainistíochta cáilíochta i ngnólacht, lena leagtar síos an bhunchloch i gcomhair cháilíocht chomhsheasmhach na bhfostaíochtaí.
- freagairt réamhghníomhach ón ngnólacht ar chúinsí athraitheacha agus rioscaí a bhainistíú nó a mhaolú go réamhghníomhach, agus feabhsú agus freagrúlacht leanúnach a chur chun cinn.
- béim níos mó ar fhaireachán a dhéanamh ar an gcórais ina iomláine, agus ar fheabhsúchán tráthúil, éifeachtach.
- comhtháthú feabhsaithe na gcomhpháirteanna den chóras bainistíochta cáilíochta.

3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Forbairt CIlInna (Éire) agus treoracha gaolmhara	<ul style="list-style-type: none">→ Glacadh ceithre cinn athbhreithnithe de Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire), leasuithe comhlíontachta gaolmhara agus Gluais Téarmaí athbhreithnithe→ Eísíodh ISRE (Éire) 2410 le haghaidh iniúchóirí a dhéanann athbhreithnithe ar fhaisnéis airgeadais eatramhach→ Óstáladh ceithre chruinniú de chuid an Phainéil um Chomhairle Theicniúil le linn na bliana. Chomh maith leis sin, chuir meitheal tacaíocht ar fáil maidir le caighdeán dearbhaithe a fhorbairt
Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh	<ul style="list-style-type: none">→ Rinneadh faireachán ar fhorbairtí maidir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta agus cinn de chuid na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear trí fhreastal ar chruinnithe de chuid Ghrúpa FRC um Chomhairle Theicniúil agus trí rannpháirtíocht i bhFoghrúpa CCEFI um Chaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta→ Eísíodh treoirlínte do na CCAnna maidir le hoideachas leanúnach d'iniúchóirí reachtúla a rialáil, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh air agus maidir lena bhfeidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta
Scaipeadh an dea-chleachtais	
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none">→ Eísíodh trí chomhairliúchán le linn na bliana a bhaineann le hathbhreithnithe ar an gcreat iniúchóireachta. Sular eísíodh na comhairliúcháin, chuaigh ÚMICÉ i mbun plé lena Phainéal um Chomhairle Theicniúil agus, i gcás inarb ábhartha, le comhlachtaí rialála eile→ Glacadh páirt i bhFoghrúpa CCEFI um Chaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta, lena n-áirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla agus na cruinnithe bliantúla leis na boird a shocraíonn caighdeáin idirnáisiúnta (IAASB agus IESBA) agus leis an mBord um Fhormhaoirseacht ar mhaithe le Leas an Phobail→ Rannchuidíodh le forbairt fhreagraí CCEFI ar chomhairliúcháin i leith iniúchóireachta a d'eisigh IAASB, IESBA agus an Coimisiún Eorpach→ Cuireadh isteach freagra amháin ó ÚMICÉ ar chomhairliúchán de chuid IAASB agus dhá fhreagra uaidh ar chomhairliúchán de chuid IESBA→ Eagraíodh imeacht for-rochtana de chuid IAASB ar ar fhreastail na CCAnna agus na gnólachtaí iniúchóireachta chun plé a dhéanamh ar an gcaighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta atá beartaithe i leith eintitis nach bhfuil a oiread castachta ag baint leo

Caibidil 3

MAOIRSEACHT
AR GHAIM NA
hINIÚCHÓIREACHTA
AGUS NA
CUNTASAÍOCHTA

Caibidil 3: Maoirseacht Ar Ghairm Na Hiniúcháireachta Agus Na Cuntasaíochta



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta Rialála agus Faireachán:

- maoirsiú a dhéanamh ar an mbealach a rialaíonn na CCFanna a gcuid comhaltaí, lena n-áirítear feidhmiú a bpróiseas imscrúdaithe agus araíonachta
- maoirsiú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na CCAnna na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh maidir leis na hiniúcháirí reachtúla agus na gnólachtaí iniúcháireachta atá formheasta agus cláraithe acu faoin Acht:
- formheas agus clárú
- oideachas leanúnach
- córais dearbhaithe cáilíochta agus
- córais araíonachta imscrúdaithe agus riaracháin
- comhoibriú lena gcomheagraíochtaí san Aontas Eorpach agus i dtíortha eile agus le húdaráis eile sa tír seo agus san Aontas Eorpach
- comhairle a chur ar an Aire maidir le hábhair a bhaineann le gairm na cuntasaíochta

2. Significant developments

I rith 2021, rinne dhá CCA iarratas chuig ÚMICÉ ar a n-aitheantas a chúlghairm. Faoi alt 931 den Acht, chinn ÚMICÉ a haitheantas a chúlghairm i gcás Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag (ICAEW) le héifeacht ón 21 Iúil 2021 agus i gcás Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain (ICAS) le héifeacht ón 22 Nollaig 2021. De bhua cúlghairm aitheantais i gcás ICAEW agus ICAS, ní comhlachtaí cuntasaíochta forordaithe faoin Acht iad na hinstiúidí sin a thuilleadh agus mar sin ní thagann siad faoi shainchúram ÚMICÉ a thuilleadh. Tá liosta in Aguisín 3 de na CCFanna atá in Éirinn faoi láthair, a mbíonn cuid acu ag feidhmiú in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.

Thug an tÚdarás faoi chuairt mhaoirseachta amháin in 2021, cuairt a bhain le dearbhú cáilíochta. Eisíodh roinnt tuarascálacha maoirseachta le linn 2021, lena n-áirítear tuarascáil dearbhaithe cáilíochta, tuarascáil mhaoirseachta maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta agus tuarascáil a bhaineann le ceadúnú. Ina theannta sin, chuir an fhoireann bailchríoch ar an gcur chuige i leith na rialála ar na CCFanna, agus béim á leagan aige ar acmhainní a ailíniú leis na feidhmeanna reachtacha chun díriú ar an gcur chuige rialála is éifeachtúla.

Ina theannta sin, d'eisigh an tÚdarás treoirínte maidir le hoideachas leanúnach agus feidhmeanna imscrúdaithe araíonachta agus d'eisigh sé comhairlíúchán maidir le leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na treoirínte i ndáil le diolúine.

Aitheantas a Chúlghairm

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag plé le gach CCA maidir le ceanglais rialála tar éis an Bhreiteimeachta. D'fhág an Breiteimeacht go raibh roinnt dúshlán le sárú i leith na samhla dé-aitheantais idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. Mar shampla, ceanglas amháin faoi dhlí na hÉireann is ea go gcaithfidh iniúcháirí cuid mhór dá n-oiliúint phraiticiúil a dhéanamh in iniúchtaí a cheanglaítear a dhéanamh faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Mar sin, níor cuireadh iniúchadh ar chuideachtaí sa Ríocht Aontaithe san áireamh leis an gceanglas sin a thuilleadh tar éis an Bhreiteimeachta. Mar thoradh ar dhul i gcomhairle linn maidir leis sin agus maidir le saincheisteanna eile a tháinig chun cinn mar gheall ar an mBreiteimeacht, chinn dhá CCA iarratas a dhéanamh ar a n-aitheantas a chúlghairm agus rinneadh é sin i rith na bliana.

3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Formhaoirseacht ar ghairm na cuntasáochta	<ul style="list-style-type: none">→ Rinneadh bainistíocht ar chúlghairm éifeachtach a dhéanamh ar aitheantas ICAEW agus ICAS→ Tugadh faoi rannpháirtíocht mhaoirseachta leanúnach trí chruinnithe athbhreithnithe, trí athbhreithniú ar phleananna rialála, trí thuaisceáin bhliantúla, agus trí thuarascálacha bliantúla/rialála→ Rinneadh breithniú agus moladh i dtaobh 44 baic doiciméad bunreachtúil a fhorpheas
Tacú le comhlachtaí cuntasáochta maidir lena bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh	<ul style="list-style-type: none">→ Tugadh faoi fhostaíocht rialta maoirseachta leis na BCPanna go léir→ Reáchtáladh cruinniú comhchéime bliantúil lena n-áirítear cuir i láthair ó na haonaid ábhartha in ÚMICÉ agus cur i láthair ó CCF
Scaipeadh an dea-chleachtais	<ul style="list-style-type: none">→ Soláthraíodh aiseolas do CCAnna maidir lena bpleananna feidhmithe i dtaobh treoirlínte a chomhlíonadh i ndáil le hoideachas leanúnach agus gnóthaí imscrúdaithe agus araíonachta→ Eisíodh Próifíl na Gairme, ina soláthraítear sonraí staitistiúla ar ghairm na cuntasáochta agus na hiniúcháireachta→ Cuireadh tús le hathbhreithniú téamach ar 'céard is dea-cháil ann'
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none">→ Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha lena n-áirítear an Roinn, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus FRC maidir le cúrsaí maoirseachta→ Rinneadh cur i láthair ag imeacht ballraíochta de chuid CCF
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none">→ Rinneadh tuilleadh mionchoigeartuithe ar an gcur chuige maoirseachta maidir le formhaoirseacht agus maoirseacht a dhéanamh ar CCFanna

Caibidil 4

MAOIRSEACHT AR
CHÁILÍOCHT AN
TUAIRISCITHE
AIRGEADAIS

Caibidil 4: Maoirseacht Ar Cháilíocht An Tuairiscithe Airgeadais



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Maoirseachta um Thuairisciú Airgeadais:

- scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla de chuid eintitis liostaithe áirithe agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair a bhraitear cásanna neamhchomhlíontachta
- comhoibriú le forfheidhmitheoirí cuntasáíochta de chuid an Aontais Eorpaigh
- comhoibriú chun caighdeán um thuairisciú airgeadais a fhorbairt; agus
- comhairle a chur ar an Aire faoi ábhair chuntasaíochta

2. Forbairtí suntasacha

In 2021, rinne an tÚdarás scrúdú ar 43 tuarascáil airgeadais, arbh éard a bhí iontu 37 tuarascáil airgeadais bhliantúil agus sé thuarascáil airgeadais leathbhliantúla (féach Aguisín 2). Sholáthair 19 n-eisitheoir 86 gealltanais don Údarás chun an tuairisciú a fheabhsú i dtréimhsí sa todhchaí. An réimse ba mhinice inar soláthraíodh gealltanais, bhain sé le nochtadh ionstraimí airgeadais. I measc na réimsí eile ar tugadh gealltanais ina leith bhí tuairisciú agus cur i láthair ráiteas airgeadais, bearta feidhmíochta malartacha, nochtadh deighleog oibriúcháin, bearnú agus tomhas cóirluacha.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás nóta faisnéise ar [IAS 36 Impairment of Assets](#) [Lagú Sócmhainní].

Lean an tÚdarás ar aghaidh leis na pléití iomadúla lena chomheagraíochtaí Eorpacha, agus ghlac sé páirt i roinnt tascfhórsaí agus foghrúpaí atá bainteach le forfheidhmiú i réimse na cuntasáíochta. Le linn na bliana, bhí aird na ngrúpaí sin fós dírithe ar COVID-19 agus ar forbairtí a dhéanfar amach anseo sa tuairisciú corparáideach, lena n-áirítear an Fhormáid Leictreonach Aonair Eorpach agus an tuairisciú neamhairgeadais, go háirithe an tuairisciú ar inbhuanaitheacht chorparáideach

Lagú – tionchar COVID-19

Scrúdaigh an tÚdarás ráitis airgeadais bhliantúla eisitheora san earnáil fáilteachais agus iompair, ar imríodh tionchar mór air de bharr shrianta taistil COVID-19 agus de bharr rialacha maidir le scaradh sóisialta. Rinne an tÚdarás measúnú ar cibé an raibh nó nach raibh aon léiriú ann ag an dáta tuairiscithe go bhféadfadh lagú a bheith ar shócmhainn i gcúinsí ina raibh tionchar mór ag COVID-19 ar oibríochtaí an eisitheora, agus thug sé ar aird nach raibh athbhreithniú déanta ag an eisitheoir i ndáil le lagú.

Chinn ÚMICÉ gur léiriú láidir é tionchar shrianta taistil COVID-19 gur tionscnaíodh ceann amháin nó níos mó de na táscairí lagaithe in IAS 36 Impairment of Assets [Lagú Sócmhainní] i gcás an eisitheora le linn 2020.

Chinn ÚMICÉ freisin gur táscairí lena léirítear lagú a bhí sa mhéid seo a leanas agus go raibh siad inaitheanta amhail an 31 Nollaig 2020:

- (a) tarraingíodh ártach amháin ó fhílín an eisitheora siar go sealadach ó sheirbhís in 2020
- (b) is cosúil gur fhág an laghdú ar ioncam agus ar thuilleamh mar thoradh ar shrianta taistil COVID-19 agus rialacha maidir le scaradh sóisialta gur imríodh ar an margadh agus ar na cúinsí eacnamaíocha ina bhfeidhmíonn an t-eisitheoir [IAS 36.12(b)]; agus
- (c) bhí srianta taistil agus rialacha maidir le scaradh sóisialta arna bhforchur ag Rialtas na hÉireann fós i bhfeidhm go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais bliantúil [IAS 36.12(b)].

I measc na dtosca a measadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs táscairí lena léirítear lagú a shainithint, bhí an fhíríc gur shonraigh an t-eisitheoir sa réamhfhógra uaidh a foilsíodh i Ráithe 1 2021 go raibh tionchar fós ag srianta taistil COVID-19 ar na cúinsí eacnamaíocha ina mbíonn sé ag feidhmiú.

Tar éis na fostaíochta le ÚMICÉ, sholáthair an t-eisitheoir roinnt gealltanais do ÚMICÉ ar bhonn deonach, lena n-áirítear an nochtadh maidir le lagú a leathnú ina ráitis airgeadais bhliantúla i leith 2021 chun na nithe seo a leanas a áireamh:

- (a) míniú go raibh roinnt táscairí lena léirítear lagú i láthair an 31 Nollaig 2020; agus
- (b) ráiteas sainráite go bhfuarthas amach sa tástáil a rinneadh maidir le lagú nach raibh gá le muirear lagaithe amhail an 31 Nollaig 2020;

Gheall an t-eisitheoir freisin measúnú a dhéanamh lena shainithint an raibh aon táscairí lena léirítear lagú ann amhail an 31 Nollaig 2021.

2. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Athbhreithniú ar an tuairisciú airgeadais	<ul style="list-style-type: none">→ Scrúdaíodh 37 tuarascáil bhliantúil→ Scrúdaíodh sé thuarascáil leathbhliantúla
Tacú le hardchaighdeáin sa tuairisciú airgeadais	<ul style="list-style-type: none">→ Glacadh páirt ghníomhach i roinnt fóraim, foghrúpaí agus tascfhórsaí Eorpacha, lena n-áirítear an Buanchoiste um Thuairisciú Corparáideach, an Mheitheal um Thuairisciú Inste agus Tascfhórsa na nInstitiúidí Airgeadais→ Glacadh páirt, leis an Roinn, sa Choiste Rialaithe Cuntasaíochta a thugann a thuairim don Choimisiún Eorpach ar thograí lena nglactar IFRSanna
Scaipeadh an dea-chleachtais	<ul style="list-style-type: none">→ Foilsíodh coimre de chúig chinneadh tuairiscithe airgeadais
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none">→ Foilsíodh Nóta Faisnéise amháin – IAS 36 Impairment of Assets [Lagú Sócmhainn]→ Rinne sé cur i láthair do ghnólachtaí iniúchóireachta, do chomhlachtaí tionscail agus do gheallsealbhóirí eile ar thuairimí agus ar thosaíochtaí de chuid an Aonaid um Maoirseacht ar Thuairisciú Airgeadais
Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none">→ Rinneadh faireachán ar fhorbairtí ar an bhforfheidhmiú i réimse na cuntasaíochta ar fud an domhain agus breithníodh an tionchar féideartha ar chóras scrúdaithe tuairiscithe airgeadais ÚMICÉpotential impact on IAASA's system of examination of financial reporting

Caibidil 5

MAOIRSEACHT AR
INIÚCHTAÍ AR
EINTTIS LEASA
PHOIBLÍ

Caibidil 5: Maoirseacht Ar Iniúchtaí Ar Eintis Leasa Phoiblí



1. Príomhfheidhmeanna

Tá Aonad ÚMICÉ um Cháilíocht Iniúcháireachta freagrach as athbhreithniú dearbhaithé cáilíochta ar iniúcháirí reachtúla agus gnólachtaí iniúcháireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar eintitis leasa phoiblí (ELPanna) in Éirinn.

Trí phríomhfheidhm atá ag an Aonad um Cháilíocht Iniúcháireachta:

- Cigireachtaí a dhéanamh ar ghnólachtaí iniúcháireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar ELPanna
- Comhoibriú le comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh um maoirseacht iniúcháireachta
- Comhairle a chur ar an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi ábhair iniúcháireachta

Forbairtí suntasacha

Cigireacht ar chomhlachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna

In 2021, rinne ÚMICÉ a cheathrú babhta cigireachtaí ar sheacht gcinn de na gnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna. Rinne ÚMICÉ cigireacht ar chúig réimse rialaithe inmheánaigh sna gnólachtaí sin:

Ba iad na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu:

- comhairliúchán
- faireachán inmheánach
- modheolaíocht
- athbhreithnithe rialaithe cáilíochta eile
- oiliúint

Mar chuid dá cheathrú babhta iniúchtaí, rinne ÚMICÉ cigireacht freisin ar shampla de 30 iniúchadh ar ELPanna ar fud na seacht ngnólacht sin. I mí an Mhárta 2022, d'fhoilsigh ÚMICÉ torthaí na gcigireachtaí a rinneadh in 2021 maidir leis na seacht ngnólacht sin a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna agus tá siad le feiceáil ar shuíomh Gréasáin ÚMICÉ [anseo](#).

Torthaí na gcigireachtaí a rinneadh in 2021

In 2021, ar fud na seacht ngnólacht a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna, luaigh ÚMICÉ torthaí i réimsí na gcomhairliúchán, an fhaireacháin inmheánaigh, na n-athbhreithnithe eile ar rialú cáilíochta agus na hoiliúna. Bhí déine na dtorthaí ó ÚMICÉ sa raon idir buí (míoneasnamh) agus dearg (móreasnamh).

In 2021, sannadh grád 1 nó 2 do 93% de na hiniúchtaí ar ELPanna a rinne na seacht ngnólacht sin, rud a thugann le fios go raibh cáilíocht an iniúchta ar chaighdeán maith. Ba ghá feabhas a chur ar na hiniúchtaí eile.

Gnólachtaí a dhéanann iniúchadh ar ELPanna

In 2021, rinne naoi ngnólacht iniúcháireachta iniúchtaí reachtúla ar ELPanna in Éirinn (2020: ocht gcinn). Rinne ceithre cinn de na gnólachtaí sin iniúchadh ar 74% (2020: 76%) de na ELPanna in Éirinn, agus thuill siadsan thart ar 89% (2020: 90%) de na táillí i leith ELPanna a iniúchadh.

I gcás seacht gcinn de na gnólachtaí sin, cuireann ÚMICÉ cigireacht i gcrích agus foilsíonn sé torthaí na hoibre sin.

Maidir leis an ochtú gnólacht, tugadh fógra do ÚMICÉ gur gnólacht é atá ag tosú i mbun iniúcháireacht a dhéanann ar ELPanna. Rinne ÚMICÉ cigireacht ar 14 réimse de chóras rialaithe cáilíochta an ghnólachta sin le linn 2021. Rinne ÚMICÉ cigireacht freisin ar iniúchadh amháin ar ELP a rinne an gnólacht sin. Toisc gurbh é sin an chéad chigireacht a rinne ÚMICÉ ar an ngnólacht, níor foilsíodh torthaí na cigireachta. Ní dhéanann an gnólacht sin iniúchtaí reachtúla a thuilleadh.

I gcás an ghnólachta deiridh, bhí sé ina iniúcháir reachtúil i leith ELP amháin in Éirinn. Bhí an gnólacht sin bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus bhí sé faoi réir formhaoirseacht ag údarás inniúil na Ríochta Aontaithe in 2021. Tar éis don ÚMICÉ aitheantas ICAEW a chúilghairm, ní dhéanann an gnólacht sin iniúchtaí reachtúla ar ELPanna a thuilleadh.

Foilsíú tuarascálacha cigireachta

I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh ÚMICÉ tuarascálacha cigireachta inar leagadh amach torthaí na gcigireachtaí a rinne ÚMICÉ in 2020 ar sheacht ngnólacht a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna. Tá na tuarascálacha cigireachta sin le feiceáil ar shuíomh Gréasáin ÚMICÉ [andseo](#).

Rannpháirtíocht idirnáisiúnta

Leanann ÚMICÉ i mbun rannpháirtíocht le piraí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar an rannpháirtíocht sin lena chinntiú go mbainfear barrluach as. In 2021, toghadh ÚMICÉ ar Bhord IFIAR agus ghlac sé páirt in dhá fhoghrúpa freisin. Chuir ÚMICÉ deireadh lena rannpháirtíocht i ngrúpa na Rialtóirí atá ag Teacht Chun Cinn le IFIAR, ar an mbonn go meastar anois gur rialtóir seanbhunaithe é ÚMICÉ.

Ar an leibhéal Eorpach, leanaimid den rannpháirtíocht in CCEFI agus sna foghrúpaí uile. Tá ÚMICÉ ina chathaoirleach ar an bhfoghrúpa um Fhaireachán ar an Margadh le roinnt blianta anuas anois agus tá fógra tugtha do gach páirtí aige go bhfuil sé beartaithe aige éirí as an gcúram sin in 2022. Ina ionad sin, tá ÚMICÉ ceaptha ina chathaoirleach ar thascfhórsa nua atá dírithe ar oiliúint éifeachtach do chigirí a aithint agus a chomhordú.

Nósanna imeachta leantacha

In 2021, rinne ÚMICÉ athbhreithniú ar na haighneachtaí go léir a fuarthas ó ghnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna inar míníodh cé na bearta a rinneadh chun moltaí na bliana 2020 ó ÚMICÉ a chur i bhfeidhm, agus lean sé nósanna imeachta leantacha nuair ba ghá sin. Tá ÚMICÉ deimhin de, i gcás na moltaí go léir a rinneadh leis na gnólachtaí sin in 2020, gur cuireadh i bhfeidhm go hiomchuí iad in 2021.

Comhoibriú ar an leibhéal idirnáisiúnta

Tá ÚMICÉ den tuairim go bhfuil buntábhacht le comhoibriú le rialtóirí iniúcháireachta idirnáisiúnta ionas go mbeidh rath air. Maidir le heintitis agus gnólachtaí a thagann faoi shainchúram ÚMICÉ, ós rud é gur minic a fheidhmíonn siad laistigh de struchtúir dhomhanda, tá sé rithábhachtach go gcomhoibreoidh rialtóirí go héifeachtach le chéile chun eolas

agus taithí a chomhroinnt, agus go mbeidh siad ag feidhmiú ar bhealach comhsheasmhach más féidir. Leis na gníomhaíochtaí sin, rannchuidítear le haidhm na rialtóirí a bhaint amach ó thaobh cur go héifeachtach agus go héifeachtúil le leanúint d'fheabhas a chur ar cháilíocht na hiniúcháireachta. Glacann ÚMICÉ páirt ghníomhach i gCoiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúcháireachta (CCEFI) agus i bhFóram Idirnáisiúnta na Rialálaithe Iniúcháireachta Neamhspleácha (IFIAR).

Tá ionadaithe ag ÚMICÉ ar gach foghrúpa de chuid CCEFI agus ar roinnt tascfhórsaí agus coláistí. Tá Príomhfheidhmeannach ÚMICÉ ar ghrúpa comhairliúcháin CCEFI, grúpa a thacaíonn le Cathaoirleach CCEFI. Tá ÚMICÉ fós ina Chathaoirleach ar Fhoghrúpa CCEFI um Fhaireachán ar an Margadh. Glacann ÚMICÉ páirt freisin i gceannaireacht Fhoghrúpa Cigireachta CCEFI, trína Choiste Eagraithe, agus bhí sé ina chathaoirleach ar an gcruinniú a thionól an foghrúpa sin i mí an Mheithimh 2021. Le linn 2021, toghadh ÚMICÉ mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa Oiliúna nua an fhoghrúpa sin.

Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh

I gcomhréir le straitéis ÚMICÉ i dtaobh éisteacht a fháil, d'eagraigh ÚMICÉ cruinniú faisnéise do choistí iniúcháireachta i mí Dheireadh Fómhair 2021. Imeacht fíorúil a bhí i gceist agus d'fhreastail cuid mhaith coistí air. Áiríodh leis an seisiún faisnéise an t-eolas is déanaí ó ÚMICÉ ar ábhair a bhaineann le comhaltaí an choiste iniúcháireachta agus plé painéil ar thuairisciú iniúchta, ionchas i leith iniúchta agus an tuarascáil bhliantúil. Tá taifeadadh ar an imeacht ar fáil don phobal [anseo](#).

D'fhoilsigh ÚMICÉ páipéar téamach inar pléadh tuairisciú trédhearcachta ag gnólachtaí Éireannacha a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna, agus tá sé le feiceáil [anseo](#). Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚMICÉ páipéar téamach inar pléadh an úsáid a bhaintear as anailísíocht sonraí san iniúcháireacht reachtúil in Éirinn, agus tá sé le feiceáil [anseo](#). D'fhoilsigh ÚMICÉ léargas chigireachta freisin inar leagadh amach príomhtheachtaireachtaí d'iniúcháirí agus iad ag iniúchadh airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus tá sé le feiceáil [anseo](#).

Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Cigireacht dhíreach ar ghnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna	<ul style="list-style-type: none"> ➔ Rinneadh cigireacht ar ocht ngnólacht ➔ Rinneadh cigireacht ar 31 iniúchadh ar ELPanna
Tacú le hardchaighdeáin maidir le ELPanna a iniúchadh	<ul style="list-style-type: none"> ➔ Chuathas i gcomhairle go rialta le gach gnólacht a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna ➔ Bhí an tÚdarás ina chathaoirleach ar Fhoghrúpa CCEFI um Fhaireachán ar an Margadh ➔ Bhí sé ina chathaoirleach ar chruinniú d'Fhoghrúpa Cigireachta CCEFI ➔ Ghlac sé páirt ghníomhach sna foghrúpaí eile uile de chuid CCEFI agus i roinnt tascfhórsaí. Glacann ÚMICÉ páirt freisin sa cheannaireacht ar an bhfoghrúpa cigireachta, trína choiste eagraithe, agus i seisiún iomlánach CCEFI, trína ghrúpa comhairliúcháin ➔ Glacadh páirt ghníomhach in dhá thascfhórsa de chuid IFIAR
Scaipeadh an dea-chleachtais	<ul style="list-style-type: none"> ➔ Foilsíodh seacht dtuarascáil ar chigireachtaí
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none"> ➔ Reáchtáladh cruinniú faisnéise do choistí iniúcháireachta ➔ Foilsíodh dhá pháipéar théamacha ➔ Foilsíodh sraith léargas ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a iniúchadh ➔ Foilsíodh clár iniúcháireachta bliantúil agus tuarascáil gníomhaíochta
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> ➔ Cuireadh chun feidhme an Mhodheolaíochta Choiteann um Chigireacht ar Iniúchtaí chun measúnú a dhéanamh ar chórais rialaithe cáilíochta inmheánacha gnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna ➔ Forbraíodh sraith páipéar oibre agus leanadh ar aghaidh á mionchoigeartú chun cigireacht a dhéanamh ar iniúchtaí aonair, agus sonraíochtaí caighdeán iniúcháireachta ar leith á gcur san áireamh chomh maith le hábhair ábhartha a bhaineann leis an gcineál eintitis nó leis an tionscal

Caibidil 6

FORFHEIDHMIÚ

Caibidil 6: Forfheidhmiú



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Forfheidhmithe:

- imscrúduithe a dhéanamh ar neamhrialtachtaí a bhfuil amhras fúthu maidir leis an iniúchóireacht ar ELPanna
- fiosrúcháin a dhéanamh ar shárúithe a rinne CCFanna ar nósanna imeachta imscrúdaithe agus araíonachta, agus ar chomhlíonadh na CCAanna ar a bhfeidhmeanna i leith iniúcháirí reachtúla
- pionóis a riar a eascraíonn as imscrúduithe rialála

2. Forbairtí suntasacha

Bhí an deis ann in 2021 tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a rialacháin maidir le fiosrúcháin faoi alt 933 agus imscrúduithe faoi alt 934 a dhéanamh, agus leanúint á gcur chun feidhme. Leis na rialacháin sin, is féidir leis an Údarás cur chuige atá faoi stiúir an Fheidhmeannais a ghlacadh i leith na céime tosaigh fiosrúcháin agus imscrúdaithe, agus is léir ó líon na gcásanna a osclaíodh agus a dúnadh i rith 2021 go bhfuil feabhas tagtha ar éifeachtúlacht an phróisis forfheidhmithe fhoriomlán. Dúnadh líon nach beag de na cásanna sin gan aon ghá a bheith le himscrúdú foirmiúil ná fiosrúchán foirmiúil. I rith na bliana, chuaigh an tÚdarás i mbun dhá chomhaontú socraíochta, ceann amháin a bhain le fiosrúchán faoi alt 933 agus ceann a bhain le himscrúdú faoi alt 934. Tá nasc chuig téacs na gcomhaontuithe sin ar ár suíomh gréasáin [anseo](#). Sheol an tÚdarás dhá fhiosrúchán faoi alt 933 agus dhá imscrúdú faoi alt 934. Dúnadh ceann amháin de na fiosrúcháin faoi alt 933 ag deireadh na bliana agus bhí na trí ábhar eile fós ar oscailt ag deireadh na bliana.

Chun tacú lena chur chuige nua i leith forfheidhmithe, d'fhoilsigh an tÚdarás a threoir i leith pionós agus a bheartas maidir le teorainneacha ama i dtaobh gearáin a dhéanamh. Lean sé leis an bhforbairt ar phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha chun tacú leis an mbeartas forfheidhmithe nua.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, rannchuidigh Abhcóide Sínsreach Forfheidhmithe an Údaráis leis an obair a dhéanann CCEFI trí bhallraíocht sa Mheitheal Forfheidhmithe agus i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR.

Imscrúdú faoi alt 934

D'fhoilsigh an tÚdarás sonraí faoi chomhaontú socraíochta a rinne sé le duine sonraithe, maidir le hiniúchadh a rinneadh ar ELP. Bhain samplaí de na hábhair atá sa chomhaontú socraíochta le:

- Ceistiú neamhleor i leith boinn tuisceana ar baineadh leas astu agus iarmhéid na n-iasachtaí agus na méideanna infhála á luacháil.
- Fianaise oiriúnach neamhleor i gcomhair an iniúchta agus mainneachtain measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar thionchar na n-easnamh iomadúil sa réimse TF agus na gcoigeartuithe éagsúla iniúchta ar na nósanna imeachta a bhí pleanáilte.
- Nósanna imeachta neamhleora arna ndéanamh chun tástáil a dhéanamh ar iasachtaí/urrúis bhunúsacha a bheith ann.

D'admhaigh an duine sonraithe go ndearnadh sárúithe éagsúla ar chaighdeáin iniúchóireachta agus gearradh pionós ar an té sin dá réir. Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na pionóis atá ar fáil faoin dlí, ar threoir an Údaráis féin i leith pionós, agus ar chúinsí maolaithe éagsúla lena n-áirítear an teist gan smál a bhí ar an duine sin roimhe sin agus ina dhiaidh sin agus an chaoi ar chomhoibrigh an duine sin leis an Údarás, thug an tÚdarás iomardú don duine sonraithe agus ghearr sé fíneáil €10,500 ar an té sin, lena áiríodh lascaine 30% i leith luathshocrú.

Mar gheall ar an gcomhaontú socraíochta seachnaíodh costais bhreise agus ualach riaracháin de bharr imscrúdú leathnaithe, i gcás an Údaráis agus an duine shonraithe araon.

D'fhág an próiseas socraíochta sin go raibh bealach ag an Údarás agus ag na daoine sonraithe araon chun an t-ábhar a réiteach go luath. Is bealach é an luathshocrú chun úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní an Údaráis, teacht ar réiteach tráthúil agus trédhearcacht a chinntiú trí shonraí an cháis a fhoilsiú. Sa chomhaontú socraíochta, cuireadh leas an phobail san áireamh lena n-áirítear cosaint an phobail, muinín an phobail a chothú i ngairm na hiniúchóireachta agus cloí le caighdeáin chuí.

3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Imscrúdú agus Fiosrúchán	<ul style="list-style-type: none">→ Forbraíodh treoir agus beartais agus cuireadh chun feidhme iad, go háirithe treoir maidir le pionóis agus beartas a bhaineann le teorainneacha ama i dtaobh gearáin a dhéanamh→ Dréachtaíodh nósanna imeachta socraíochta agus cuireadh chun feidhme iad→ Cuireadh imscrúduithe agus fiosrúcháin chun cinn→ Baineadh amach torthaí cuí arna bhfianú ag na comhaontuithe socraíochta→ Foilsíodh torthaí i gcomhréir le beartais
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none">→ Foilsíodh aiseolas ar chomhairliúchán maidir le treoir faoi pionóis→ Ghlac an tÚdarás páirt i bhFoghrúpa Forfheidhmithe CCEFI, lena n-áirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla→ Ghlacadh sé páirt i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR agus labhair ionadaí dá chuid ag comhdháil idirnáisiúnta.→ Ghlac sé páirt i gcruinnithe comhchéime le geallsealbhóirí

Caibidil 7

SEIRBHÍŚÍ
CORPARÁIDEACHA

Caibidil 7: Seirbhísí Corparáideacha



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an Aonaid Seirbhísí Corparáideacha:

- tacaíocht ó thaobh seirbhísí corparáideacha a sholáthar do ÚMICÉ, lena n-áirítear seirbhísí airgeadas, seirbhísí acmhainní daonna, seirbhísí TFC agus bainistíocht saoráidí
- rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do choistí áirithe de chuid an bhoird
- maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca do ÚMICÉ
- seirbhísí dlí inmheánacha a sholáthar, lena n-áirítear comhairle oibríúcháin ó lá go lá agus gach feidhm a bhaineann le RGCS

2. Forbairtí suntasacha

Leathnaíodh ról an aonaid go luath in 2021 chun gach seirbhís tacaíochta a chuimsiú agus, go háirithe, cuireadh leis an bhfeidhm bainistíochta acmhainní daonna. I rith na bliana, lean an t-aonad ar aghaidh ag comhlíonadh a spriodhataí reachtúla in ainneoin an t-ualach oibre a bheith ag dul i méid agus in ainneoin thionchar na paindéime. Ina measc siúd, bhí ráitis airgeadais reachtúla ÚMICÉ agus na tuairisceáin chuideachta uaidh, agus ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá sonraí breise ina leith sin in áit eile sa tuarascáil seo, go háirithe sa chuid a bhaineann le Rialachas agus Struchtúr.

Lean ÚMICÉ ar aghaidh leis an gcianobair ar feadh na bliana go léir agus chinntigh an t-aonad go raibh na seirbhísí tacaíochta, a bhain go príomha le TFC, ag feidhmiú go héifeachtach stuama sna cúinsí sin. Rinne an t-aonad tástáil inmheánach athshlánaithe ó thubaiste agus tástáil threáite sheachtrach, faoi

fhormhaoirsiú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus níor aimsíodh aon laigí i bpróisis chianrochtana an Údaráis.

Maidir le hacmhainní daonna, rinne an t-aonad athbhreithniú iomlán ar a chórais inmheánacha bainistíochta feidhmíochta, agus thug sé isteach córas athbhreithnithe maidir le socrú spriocanna agus forbairt feidhmíochta, córas a mbainfear úsáid as in 2022. Ar leithligh, bhreithnigh an t-aonad ráiteas inghlacthachta riosca an Údaráis agus an cur chuige atá aige maidir le lamháltas riosca a chainníochtú ar fud a feidhmeanna. Bhíothas fós ag obair ar an tionscadal sin ag deireadh na bliana.

Socrú spriocanna agus forbairt feidhmíochta

Lean an tÚdarás air ag díriú ar a bhaill foirne, an phríomhshócmhainn atá aige, i rith na bliana. Mar chuid de sin, rinne an t-aonad athbhreithniú mionsonraithe ar an gcur chuige atá ag ÚMICÉ maidir le measúnú agus forbairt feidhmíochta, agus thug sé isteach roinnt feabhsuithe ar an bpróiseas foirmiúil. Chomh maith lena bheith ag díriú ar thascanna amháin – rud a mbaineann tábhacht leis fós – leagfar an bhéim chéanna anois sa phróiseas sin ar fhorbairt phearsanta na bhfostaithe, agus ar bhunluachanna eagraíochta ÚMICÉ a chur i ngníomh. Is iad an tsármhaitheas, an neamhspleáchas agus an t-ionracas na bunluachanna sin. Forbraíodh an cur chuige i leith na gcruinnithe foirmiúla débhlantúla freisin chun an luach is fearr a bhaint amach do na baill foirne, do na bainisteoirí agus don eagraíocht. Tá an próiseas sin anuas ar na hidirghníomhaíochtaí rialta ar leibhéal foirne agus ar an leibhéal aonair, a dhéantar san fhíorshaol nuair is féidir é sin in aon chor i bhfianaise srianta sláinte poiblí, nó ar nasc físe.

3. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Scaipeadh an dea-chleachtais	<ul style="list-style-type: none">→ D'fhormheas an bord an Tuarascáil Bhliantúil Reachtúil→ Cuireadh tuarascálacha faoi shainordú ar fáil don Aire agus iad ag cloí le spriocamanna reachtúla
Úsáid éifeachtúil ar n-acmhainní airgeadais a áirithiú	<ul style="list-style-type: none">→ Ghlac an bord an Clár Caiteachais (an buiséad) agus d'fhormheas an tAire é→ Bhí toradh rathúil ar athbhreithniú a rinne iniúcháirí inmheánacha agus iniúcháirí seachtracha ar chórais rialaithe inmheánaigh
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none">→ Gníomhaíodh mar an bpríomhphointe teagmhála le hiriseoirí agus le hionadaithe poiblí→ Leanadh den chaidreamh láidir, éifeachtach le haonad idirchaidrimh na Roinne
Próisis a fhorbairt/a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none">→ Rinneadh cothabháil leanúnach ar an mbonneagar TFC agus ar an tsamhail chianoibre agus rinneadh infheistíocht leanúnach iontu→ Cuireadh feabhas ar an tslándáil maidir le rochtain ar an líonra agus gléasanna móibíleacha.→ Forbraíodh cur chuige athbhreithnithe maidir le spriocanna na bhfostaithe a leagan síos agus maidir le forbairt feidhmíochta.→ Soláthraíodh tacaíocht chomhairleach dhlíthiúil ar bhonn inmheánach.

Caibidil 8

FORBAIRT
EAGRAÍOCHTÚIL

Caibidil 8: Forbairt Eagraíochtúil



1. Príomhfheidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna an aonaid um fhorbairt eagraíochtúil:

- tionscnaimh a fhorbairt lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht na heagraíochta
- tacú le cultúr nuálaíochta in ÚMICÉ
- láithreach meán sóisialta a bhainistiú do ÚMICÉ
- tacú le coistí foirne ÚMICÉ maidir le smaointe a fhorbairt go dtí go gcuirfear chun feidhme iad

2. Forbairtí suntasacha

During 2021, IAASA developed an innovation strategy, aligned D'fhorbair ÚMICÉ straitéis nuálaíochta in 2021, straitéis a bhí ailínithe le straitéis nuálaíochta na hearnála poiblí, agus leasaítear an straitéis sin de réir mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar chúinsí sonracha ÚMICÉ. Is é uaillmhian shonrach ÚMICÉ i leith na nuálaíochta deiseanna nuálaíochta a thapú sna bealaí ina ndéanann sé maoirsiú agus cur chun cinn ar thuarisciú airgeadais ardchaighdeáin, iniúchóireacht agus rialáil éifeachtach i leith ghairm na cuntasáíochta ar mhaithe le leas an phobail. Leagtar amach sa straitéis na tosaíochtaí i leith na nuálaíochta in ÚMICÉ, sonraítear inti gníomhaíochtaí faoi chuimsiú gach tosaíochta agus cuirtear bailchríoch uirthi le conair chun an nuálaíocht a chur chun feidhme. Tá sí nasctha le clár oibre trí bliana an Údaráis agus déantar na bearta nuálaíochta a chuimsiú i bplean gnó bliantúil gach aonaid agus sna pléití le gach fostaí maidir le spriocanna, feidhmíocht agus forbairt.

Tugadh chun críche i rith na bliana roinnt tionscnaimh nuálaíochta i bhformáid haiceatóin, lena n-áirítear tuairisceáin bhliantúil an CCF agus próifíl na gairme a chuíchóiriú, tuarascáil chineálach um cháilíocht iniúchta a fhorbairt, bunachar sonraí tuairiscithe airgeadais a bhunú, córas bainistíochta ama a chur chun feidhme agus tionscadal a thabhairt i gcrích maidir le comhaid cigireachta iniúchta a chur i gcartlann. Chomh maith leis sin, d'fhorbraíomar 'balla aitheantais don nuálaíocht', balla digiteach chun gnóthachtáil na foirne maidir leis na tionscnaimh sin a léiriú.

Áiríodh ar ghníomhaíochtaí eile um fhorbairt eagraíochtúil forbairt leanúnach ar láithreach meán sóisialta an Údaráis ar LinkedIn, chomh maith le cainéal YouTube a bhunú agus leathnú a dhéanamh ar raon na meán agus na bhformáidí a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh lenár ngeallsealbhóirí. I nuachtlitir ráithiúil don fhoireann ar fhorbairt eagraíochtúil, soláthraíodh eolas faoi uirlisí agus teicnící nuálaíochta agus cinn chun fadhbanna a réiteach. Ina theannta sin, d'fhreastail baill foirne de chuid an Údaráis go rialta ar an gclár imeachtaí ar líne a d'eagraigh foireann nuálaíochta seirbhíse poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Luachanna ÚMICÉ

I rith 2021 thugamar faoi thionscadal chun luachanna comhroinnte na heagraíochta a shainiú, mar aon le sraith iompraíochtaí lárnacha atá ailínithe leis na luachanna agus nach mór do na baill foirne go léir iad a léiriú. Léirítear lenár luachanna cad dó a sheasaimid agus cad a mheasaimid atá tábhachtach sa tslí ina mbímid ag obair. Seo a leanas iad:

Sármhaitheas: *Ár míle dícheall a dhéanamh* – breithnímid an mórfhictiúr, comhlíonaimid ardchaighdeáin feidhmíochta agus bainimid amach torthaí ardcháilíochta, is speisialtóirí muid inár réimse agus bímid seasta ag gabháil don fheabhsú agus don nuáil, cothaímid caidreamh agus foghlaimímid ó dhaoine eile

Neamhspleáchas: *Rialáil a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, oibiachtúil* – breithnímid gach dearcadh agus déanaimid breithiúnas tomhaiste, tugaimid dúshlán go stuama, cuiditheach, cosnaímid ár neamhspleáchas ar choinbheachtaí leasa agus ar thionchar míchuí

Ionracas: *A bheith iontaofa agus ómósach* – tá intinn oscailte againn, táimid macánta agus uilechuimsitheach, gníomhaímid go cróga, diombháilte, léirimid cuntasach as ár gcuid oibre agus ár ngníomhartha, téimid i mbun rannpháirtíochta ar bhealach a léiríonn comhbhá agus meas

3. Gníomhaíochtaí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí an phlean gnó	Torthaí
Éisteacht a fháil	<ul style="list-style-type: none">→ Cothaíodh láithreach ghníomhach ar LinkedIn do ÚMICÉ→ Seoladh cainéal YouTube de chuid ÚMICÉ→ Cuireadh leis an úsáid a bhaintear as físeáin agus formáidí cumarsáide eile chun príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl→ Cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann maidir le conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i scríbhinn
Ar bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	<ul style="list-style-type: none">→ Tugadh chun críche ocht dtionscadal nuálaíochta i bhformáid haiceatóin→ Forbraíodh ráiteas faoi luachanna agus iompraíocht ÚMICÉ→ Coinníodh ar bun inlíon foirne agus líonra sóisialta ar líne, lena cinntíodh gur roinneadh an scéala ba nuaí faoi thionscnaimh nuálaíochta agus faoi ghníomhaíochtaí eile a raibh spéis ag an bhfoireann i gcoitinne iontu→ Reáchtáladh seisiúin 'nasctha agus rannpháirtíochta' don fhoireann chun nuacht agus faisnéis a chomhroinnt ar fud na heagraíochta
Nuálaíocht	<ul style="list-style-type: none">→ Forbraíodh straitéis nuálaíochta de chuid ÚMICÉ, atá ailínithe leis an straitéis seirbhíse poiblí→ Foilsíodh nuachtlitrí ráithiúil don fhoireann maidir le forbairt eagraíochtúil, inar díriodh aird ar uirlisí agus teicnící úsáideacha nuálaíochta→ Bunaíodh balla aitheantais nuálaíochta chun gnóthachtáil na foirne maidir le tionscnaimh nuálaíochta a léiriú→ Tacaíodh le raon tionscnamh de chuid an choiste foirne ar fholláine agus ar an gclár oibre glas→ Bhíodhas páirteach sa tseachtain nuálaíochta agus in imeachtaí ar líne de chuid líonra nuálaíochta na seirbhíse poiblí

Caibidil 9

RIALACHAS AGUS
STRUCHTÚR

Caibidil 9: Rialachas Agus Struchtúr

Struchtúr dlí

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é ÚMICÉ ag a raibh na 10 gcomhalta seo a leanas an 31 Nollaig 2021:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte*
- Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta*
- Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta*
- Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta*
- Banc Ceannais na hÉireann
- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn*
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn*
- Stocmhalartán na hÉireann
- Na Coimisinéirí Ioncaim

*CCF

Struchtúr eagraíochtúil

Forléargas

Faoi dheireadh na bliana, 32 ball foirne a bhí ag ÚMICÉ (2020: 30), agus iad roinnte ina gceithre aonad mar seo a leanas:

- Aonad na nOibríochtaí, a dhéanann formhaoirseacht ar fheidhmeanna maoirseachta ÚMICÉ maidir le:
 - dearbhú cáilíochta i leith iniúchtaí ar ELPanna;
 - scrúdú ar thuarascálacha airgeadais eintiteas ar leith le fáil amach an bhfuil siad i gcomhréir leis an gcreat ábhartha tuairiscithe airgeadais; agus
 - maoirsiú ar rialáil CCFanna ar a gcomhaltaí
- An tAonad um Chaighdeáin, Beartas agus Forbairt Eagraíochtúil, a bhí ag plé go príomha le:
 - caighdeáin agus treoir maidir leis an iniúchóireacht a ghlacadh in Éirinn;
 - tionscadail nuálaíochta faoi stiúir na foirne a chur i bhfeidhm agus tacú le coistí éagsúla ceannaireachta foirne an Údaráis; agus
 - cumarsáid inmheánach agus láithreach ar na meáin shóisialta.
- An tAonad um Fhorfheidhmiú, a chomhordaíonn imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla an Údaráis; agus

- Aonad na Seirbhísí Corparáideacha, a sholáthraíonn tacaíocht do ÚMICÉ maidir le cúrsaí airgeadais, riaracháin, acmhainní daonna agus TFC, mar aon le rúnaíocht a sholáthar don bhord agus do choistí áirithe.

Líon formheasta na mball foirne


Is é ÚMICÉ a chinneann líon, gráid, agus téarmaí agus coinníollacha fhoireann ÚMICÉ le formheas an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an tAire), rud a thugtar le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fágann sin gur gá formheas a fháil roimh ré ón mbeirt Airí chun aon leasuithe a dhéanamh ar líon foirne formheasta ÚMICÉ. Leagtar amach thíos líon foirne formheasta ÚMICÉ i ndeireadh na bliana, agus a líon foirne iarbhír.

Líonta foirne formheasta agus líon iarbhír i ndeireadh na bliana

Grád	Formheasta	Iarbhír
Príomhfheidhmeannach	1	1
Cinn Feidhme	5	3
Bainisteoirí Sinsearach	8	6
Cigirí agus Bainisteoirí Tionscadail	13	11
Lucht Feidhmiúcháin agus Riaracháin	16	11
Iomlán	43	32

Cairt eagraíochta

Bhí struchtúr eagraíochtúil ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2021 mar a leagtar amach sa chairt eagraíochta thíos.



Forléargas ar chúrsaí airgeadais

Den chuid is mó, maoinítear ÚMICÉ trí dheontas ón Státchiste, tobhach reachtúil ar na CCFanna, tobhach reachtúil ar ghnólachtaí a dhéanann iniúcháireacht ar ELPanna, agus trí tháillí a ghearradh as seirbhísí clárúcháin. Déantar na foinsí cistiúcháin uile a rialú le forálacha an Achta. Ina cháil mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, tugann ÚMICÉ ráitis airgeadais ar aird i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) iniúchadh orthu dá réir agus taisceann leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí iad.

B'ionann an caiteachas iomlán in 2021 agus €4.4m (2020: €4.3m) ó bhuiséad €6.0m (2020: €6.1m). Ba iad na príomhathruithe i gcomparáid leis an mbuiséad:

- gannchaiteachas mór ar chostais taistil agus chothaithe agus ar chaiteachas oifige mar gheall ar thionchar COVID-19; agus
- laghdú ar an gcaiteachas ar chomhairleoireacht mar gheall ar aistriú ó fhoinsí allamuigh ar réamh-athbhreithnithe ar ráitis airgeadais, agus costais dlí agus costais i leith comhaltaí coiste a bheith laghdaithe mar gheall ar chleachtais éifeachtúla forfheidhmithe.

Rialachas

An bord stiúrthóirí

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire iad ar bhonn ainmniúcháin ó na heintitis sin a leagtar amach thíos. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord.

An bord stiúrthóirí – comhlachtaí ainmniúcháin

Comhlacht ainmniúcháin	Ainmnithe
An tAire	2
CCFanna (i gcompháirt le chéile ar bhonn comhaontú)	2
Banc Ceannais na hÉireann	1
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	1
Stocmhalartán na hÉireann	1
Na Coimisinéirí Ioncaim	1
Iomlán	8

Triúr den ochtar stiúrthóirí sin ar a mhéad a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí de CCF.

Beathaisnéisí na stiúrthóirí

Tá taithí ar feadh an tsaol ar chúrsaí rialála agus gnó ag **Martin Sisk, an Cathaoirleach**. Is aturnae cáilithe é agus chuir sé tús lena ghairm bheatha in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, d'fhóin sé mar Chlárúitheoir na gCara-Chumann 1985–2003, Leas-Chlárúitheoir na gComhar Creidmheasa 2003–2006, Leas-Cheann na gCód Cosanta Tomhaltóirí 2007–2008 agus Ceann an Aonaid um Fhrithsciúradh Airgid, Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Smachtbhannaí Airgeadais de chuid an Bhaic Ceannais 2008–2010. Chuaigh sé ar scor ón mBanc Ceannais i mí Iúil 2010. Toghadh Martin chuig bord Chomhar Creidmheasa Mhullach Íde agus na Dúiche i mí na Nollag 2010 agus is Stiúrthóir é go fóill. D'fhóin sé mar choimisinéir ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit ó 2017 i leith. Is iarchomhalta boird (2011–2021) de chuid Chomharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn é Martin agus bhí sé ina leas-uachtarán air (2011–2013) agus ina uachtarán air (2013–2015), ba stiúrthóir agus cathaoirleach ar VHI Healthcare (2012–2015) é, agus ba chomhalta boird é de chuid an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (2015–2020).

Tháinig **Kevin Prendergast, an Príomhfheidhmeannach**, ag obair le ÚMICÉ i mí na Samhna 2016 tar éis a bheith ina Cheann Forfheidhmiúcháin le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Bhí sé fostaithe ag an Oifig sin ó 2005. Roimhe sin, bhí sé ag obair i Rannán na gCásanna Móra de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá taithí roinnt blianta aige san earnáil phríobháideach freisin lena n-áirítear roinnt blianta a chaith sé ag obair i ngnólacht iniúcháireachta. Is Comhalta é Kevin de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá Céim Baitsiléara agus Máistreacht aige sa Chuntasáíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá Máistreacht san Eolaíocht aige freisin sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh.

Is Léachtóir le Cuntasáíocht í **Clodagh Hegarty** agus is Stiúrthóir Cúrsa í i Scoil Ghnó Ollscoil Uladh, Coláiste Mhic Aodha, áit a mbíonn sí ag tabhairt léachtaí go fairsing faoin tuairiscíú iniúcháireachta agus airgeadais. Is Stiúrthóir um Staidéar Comhcheangailte í freisin ag Ollscoil Uladh, Coláiste Mhic Aoidh. Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í agus is Comhairleoir Cánach Cairte í. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Choiste CCDC in Éirinn. Sula ndeachaigh sí leis an saol acadúil, chaith Clodagh 15 bliana ag obair sa chleachtas le EY, Baile Átha Cliath agus sa chleachtadh ginearálta in *North West*.

Is abhcóide é **David Hegarty** atá ag obair mar Phríomhoifigeach in Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Cháiligh sé ina aturnae in 2002 agus d'aistrigh sé chuig an mBarra in 2006, agus é ag cleachtadh go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus na habhcóideachta. Tá sé cláraithe ar Rolla Abhcóidí Cleachtacha ÚRSD i seirbhís lánaimsire an Stáit. Sula ndeachaigh sé ag obair le OSFC, bhí sé ina Abhcóide Comhairleach in Oifig an Chomhairleora Dlí Pharlaimintigh mar ar chuir sé comhairle ar Choimisiún agus Seirbhís Thithe an Oireachtais agus ar choistí parlaiminteacha ar ábhair a bhaineann leis an dlí bunreachtúil, an dlí parlaiminteach agus an dlí riaracháin. Bhíodh sé ag obair freisin mar oifigeach dlí i Misean an Aontais Eorpaigh um Rialú an Dlí sa Chosaiv (EULEX) agus ag an mBinse Speisialta don Liobáin sa Háig, agus é ag obair i nDlísheomraí Breithiúna le breithiúna ó thiortha éagsúla agus coireacht eacnamaíoch, éilliú, mí-úsáid oifige poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun cásanna sceimhlitheoireachta a chur i gcrích á n-éisteacht acu.

Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách agus cathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta le *Athora Ireland plc* í **Aisling Kennedy** agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách agus cathaoirleach ar an gCoiste Riosca í le *ECCU Assurance DAC*. Bhí an ról deireanach a bhí aici, sula ndeachaigh sí lena gairm bheatha neamhfheidhmiúcháin i mí Feabhra 2020, le *Swiss Re* mar Cheann Praghsála – Saol agus Sláinte – an Ríocht Aontaithe, Éire agus Iosrael. Ar na ról a bhí aici roimhe sin i gcaitheamh a gairme beatha sna seirbhísí airgeadais le breis agus 35 bliana anuas, áirítear: Stiúrthóir Cliant ag *Mercer*, Éire, Stiúrthóir ar Ghnóthaí Gairmiúla ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn agus Stiúrthóir um Fhorbairt Gnó le VHI. Bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta ag ComReg freisin idir 2014 agus 2016. Is Comhalta agus iarChomhalta Comhairle de Chumann na nAchtúirí in Éirinn í Aisling agus is Cleamhnaí í de chuid Ghairm na hAchtúireachta, an Ríocht Aontaithe.

Tá **Aisling McArdle** ina Ceann Rialála ag *Euronext* i mBaile Átha Cliath agus is comhalta í de chuid fhoireann rialála dhomhanda *Euronext*. Chuaigh sí isteach i Stocmhalartán na hÉireann in 2002 agus bhí ról rialála éagsúla aici laistigh den chuideachta le 17 mbliana anuas. Rinneadh Ceann Rialála, Baile Átha Cliath di i mí Mheán Fómhair 2018, agus tá sí freagrach as an rialáil agus as oibríochtaí a bhaineann le liostú ionstraimí airgeadais ar mhargaí *Euronext*, Baile Átha Cliath, ar fud réimse aicmí sócmhainne agus ar fud roinnt dlínsí. Tá Aisling freagrach as an rannpháirtíocht rialála le heisitheoirí agus rannpháirtithe margaidh agus le húdarás rialála sa tír seo agus san Aontas Eorpach. Glacann sí páirt sa Líonra Eorpach um Rialachas Corparáideach agus is iarchomhalta í de chuid Ghrúpa Athbhreithnithe an Díl Cuideachtaí agus Ghrúpa Faireachais na Margaí Idirnáisiúnta. Is Ceadúnach í de chuid Chumann na nOifigeach Comhlíontachta in Éirinn.

Is Cuntasóir Cairte é **Ronan Nolan** agus bhí sé ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann in 2014/2015. Scoir sé mar pháirtí in Deloitte i mí na Bealtaine 2015 tar éis dó a bheith ina pháirtí comhairleach sinsearach agus ina chathaoirleach ar an ngnóilacht.

Tá **Brendan Sheridan** ag obair i réimse na seirbhísí airgeadais le daichead bliain anuas san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon agus ghlac sé ról i réimse an airgeadais, na pleanála, an tuairiscithe, an chlaochlathithe gnó agus na straitéise gnó. Toisc aird a bheith á díriú aige ar an bhfiachas anásta i mbanc sa tír seo, chuaigh sé ag obair leis an mBanc Ceannais in 2011 chun rannchuidiú le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Ar dtús, bhí sé i gceannas ar fhoireann creidmheasa ar feadh trí bliana, ag plé leis an Triúracht ar bhonn ráithiúil agus is é a bhí i gceannas ar chigireachtaí ar an láthair, tástálacha struis agus pleananna feabhsúcháin ar fud fhorais chreidmheasa na hÉireann. Ó 2015 go 2018, bhí Brendan i gceannas ar an bhfeidhm um Thuairiscíú Airgeadais sa Bhanc Ceannais agus, le linn na tréimhe sin, d'fhorbair sé straitéis don Rannán Airgeadais. Thug sé faoi athbhreithniú ar chur chuige an Bhainc Ceannais i leith a ghníomhaíochtaí rialála a chistiú agus, mar thoradh air sin, arna iarraidh sin don Leas-Rialtóir – Rialáil Stuamachta, in 2019 ghlac sé freagracht as straitéis ilbhliantúil chun deireadh a chur ar an iomlán le hualach na gcostas rialála ar an gcáiníocóir. Ina theannta sin, tá Brendan i gceannas ar chomhordú na bpróiseas bliantúil pleanála agus tuairiscithe rialála do cholún na Rialála Stuamachta de chuid an Bhainc Ceannais i ról ina ndéantar cuimsiú loighciúil anois

ar ghníomhaíochtaí pleanála, buiséadaithe, tuairiscithe agus aisghabhála costas. Tá Brendan ina chomhalta de CCDC, agus tá Máistreacht sa Chleachtas Gnó aige.

Leagtar amach in Aguisín 1 comhdhéanamh an bhoird i ndeireadh na bliana agus athruithe i measc na stiúrthóirí ón uair a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil deiridh.

Nósanna imeachta an bhoird

Tionólaíonn an bord cruinnithe rialta agus is féidir leis cruinnithe neamhsceidealaithe a thionól más gá sin. Faigheann comhaltaí an bhoird faisnéis sách luath roimh na cruinnithe sin chun gur féidir leo í a mheas agus a thuiscint i gceart.

Tá sceideal ábhar curtha i bhfeidhm ag an mbord, rud atá forchoimeáda go sonrach dó chun críche cinnteoireachta, lena gcumhdaítear na príomhréimsí rialachais, airgeadais, riosca agus formhaoirseachta. Tá ábhair áirithe tarmilgthe chuig Coistí boird, mar a leagtar amach i gcuid 4.5. Tá córas curtha i bhfeidhm ag an mbord freisin chun údarás a tharmilgean go foirmiúil chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Ainmnítear comhaltaí an bhoird mar stiúrthóirí ar ÚMICÉ chun gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus chun gníomhú chun leas ÚMICÉ agus chun a leas a chosaint agus a chur chun cinn. Tugann na comhaltaí boird uile breithiúnas neamhspleách ar shaincheisteanna a ndéileáil an bord leo. Tá beartas foirmiúil i bhfeidhm ag an mbord chun déileáil le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear oibleagáidí agus ceanglais maidir le nochtadh lena ndearbhaítear nach nglacfaidh stiúrthóirí páirt in aon phléití ná cinnítí i leith aon choinbhleachtaí den sórt sin.

Ráiteas rialachais

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 den Acht. Is é an bord atá freagrach as an dea-rialachas a áirithiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinnítí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhshaincheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ceannaireachta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a leagann an bord síos, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinnítí a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a thiocfaidh chun cinn. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir an bord agus feidhmeannas ÚMICÉ.

Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird sa sceideal ábhar atá forchoimeáda don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coinbhleachtaí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear

mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;

- nithe atá le cinneadh ag an mbord;
- ábhair lena bplé;
- ábhair spéise thráthúla;
- bainistíocht riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- an tuarascáil ón Rúnaí.

Cuirtear de cheangal ar an Údarás taifid airgeadais a choinneáil agus ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, mar a mhionsonraítear sna ráitis airgeadais.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhorghnó. Déanann an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhair agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú sceidealaithe. Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fórcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2021.

Ceapachán chuig an mbord

Feidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an Rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Ceapann an tAire comhaltaí (seachas an Príomhfheidhmeannach) ar feadh tréimhsí trí go cúig bliana. Sa ghnáthchúrsa, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Leagtar amach in Aguisín 1 comhdhéanamh an bhoird an 31 Nollaig 2021, agus athruithe ón dáta sin i leith.

Rinne an bord meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht féin mar a thuariscítear sna ráitis airgeadais.

Coistí boird

Forchoimeádann an bord chuige féin an chumhacht coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Faoi sceideal an bhoird um ábhair fhorchoimeáda, tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Ba é an coiste iniúchóireachta agus riosca an t-aon choiste a bhí ann in 2021.

An coiste iniúchóireachta agus riosca

Triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin atá ar an gcoiste iniúchóireachta agus riosca (CIR):

- Aisling McArdle, Uasal (Cathaoirleach)
- An tUasal David Hegarty
- An tUasal Ronan Nolan

Tá a théarmaí tagartha leagtha amach ina [chairt](#), atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha an choiste, lena n-áirítear athbhreithniú ar thuarascáil bhliantúil an Údaráis agus ar a ráitis airgeadais sula ndéanann an bord breithniú orthu. I measc na ngníomhaíochtaí eile a rinne an coiste linn 2021 bhí an méid seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm in 2020, agus moladh dearfach a thabhairt don bhord;
- athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar nósanna imeachta inmheánacha TFC, agus ar rialuithe slándála seachtracha TFC, agus deimhin a dhéanamh de go raibh siad stuama éifeachtach;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaiste;
- litreacha ceapacháin nua a fhorghnó i leith chomhaltaí an choiste; agus
- meastóireacht a chur i gcrích ar a fheidhmíocht féin.

Ina theannta sin, breithníonn an coiste an clár rioscaí iomlán ag gach cruinniú, agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an phríomhoifigigh riosca agus/nó an bhoird de réir mar is iomchuí.

Sceideal tinrimh, táill agus costais

Rinneadh mionsonraí i dtaobh na dtáill agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Leagtar amach in Aguisín 1 mionsonraí i dtaobh athruithe i gcomhaltas an bhoird.

Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

- Leagtar amach i Nóta 14 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000;
- Leagtar amach i Nóta 16 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar thaisteal agus ar chothú;
- Leagtar amach i Nóta 17 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar chomhairleoireacht;

- Níor thabhaigh an tÚdarás costais faoin gceannteideal 'Costais Dlí agus Socraíochtaí' in 2021. Baineann na costais dlí go léir a tabhaíodh le comhairle dlí ghinearálta; agus
- Leagtar amach i Nóta 18 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar fháilteachas.

Ráiteas comhlíontachta

Is deimhin le ÚMICÉ gur chomhlíon sé ceanglais uile an Chóid, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.

Oibleagáidí rialachais agus oibleagáidí eile atá ar an earnáil phoiblí

Oibleagáidí dlí agus rialachais atá ar chomhlacht arna bhunú faoi reacht

Is iad an Rúnaí agus Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, atá ina Phríomhoifigeach Riosca freisin, na príomhdhaoine a thugann cúnaimh don bhord maidir le deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfaidh ÚMICÉ a oibleagáidí dlí agus rialachais. I gcás inarb infheidhme, rannchuidíonn comhaltaí eile d'fhoireann ÚMICÉ mar is gá le comhlíontacht leanúnach ÚMICÉ maidir lena oibleagáidí.

Príomhcheanglais dlí

Shainaithin agus rinne an tÚdarás na bearta is gá lena áirithiú go bhfuil a oibleagáidí dlí á gcomhlíonadh aige. Tá a príomhcheanglais dlí sainaitheanta aige mar a leanas:

- dlí na gcuideachtaí;
- an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta;
- an reachtaíocht fostaíochta agus reachtaíocht ghaolmhar;
- an dlí cánach, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse áirithe ag a bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach bailí;
- na hAchtanna Cosanta Sonraí;
- Acht na dTeangacha Oifigiúla;
- An dlí maidir le hEitic in Oifigí Poiblí; agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012.

Maidir le ceanglais áirithe eile is infheidhme de ghnáth maidir le comhlachtaí reachtúla amhail na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Míchumas, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo.

RGCS

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an Údarás a bhíonn ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a oibleagáidí leanúnacha faoi RGCS.

Nochtuithe cosanta

Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus tá mionsonraí ar a shuíomh gréasáin faoi conas nochtuithe den sórt sin a dhéanamh. Áirítear tuairisceán bliantúil ÚMICÉ faoin Acht in Aguisín 6.

Cothromaíocht inscne i gcomhaltas an bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2021, triúr (33%) ban agus seisear (67%) fear a bhí ar an mbord, agus ní raibh aon phost folamh. Mar sin níor chomhlíon an bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne ar bhoird stáit.

I bhfianaise chineál reachtúil an phróisis ceapacháin, is teoranta an tionchar atá ag ÚMICÉ ar chothromaíocht inscne a chomhaltais. Is é an tAire a dhéanann formhór na gceapachán ar bhonn ainmniúchán ó thríú páirtithe, agus níl rogha ag an Údarás ná ag an Aire maidir leis an gceist sin. De réir mar a thagann téarmaí stiúrtóirí chun deiridh, áfach, déanann ÚMICÉ aon scileanna nó taithí ar leith a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil a mheas, agus díríonn sé aird an Aire orthu más ann dóibh. Chun cothromaíocht inscne a chothú ar an mbord, cuireann ÚMICÉ inscne san áireamh leis an méid sin. Tar éis cuid mhór athruithe foirne a bheith ann in 2020, ba é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta a ceapadh (athcheapadh) in 2021, agus ní bheartaítear aon duine eile a cheapadh ná a athcheapadh in 2022.

Éagsúlacht

Rinne an bord saincheisteanna leithne na héagsúlachta a mheas, lena n-áirítear an chothromaíocht inscne agus luach na difríochta a aithint, mar chuid dá phróiseas bliantúil meastóireachta. Meascán fairsing daoine atá ar an mbord, ón earnáil phoiblí agus ón saol acadúil. Ar leibhéal eagraíochtúil, feidhmíonn na leibhéil uile faoi réir deighilt inscne 45%/55%, cé is moite de ghráid riaracháin inarb airde an sciar ban i láthair na huaire. I bhfianaise chineál an-speisialaithe a chuid oibre, is minic a fhéachann ÚMICÉ le daoine a earcú agus a choimeád ó chohórt beag gairmithe. D'ainneoin sin, tagann fostaíthe ÚMICÉ ó réimse leathan cúlraí agus is iomaí náisiúntacht a bhíonn i gceist leo.

Caibidil 10

RÁITIS AIRGEADAIS
2021 AGUS RÁITIS
GHAOLMHARA

Tuarascáil na Stiúrthóirí

An Réamhrá

Tá áthas ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, i dteannta thuarascáil na stiúrthóirí, a ullmhaíodh de bhun fhorálacha alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('Acht 2014') a chur faoi bhráid an 16ú cruinniú ginearálta bliantúil d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ('ÚMICÉ').

Príomhghníomhaíochtaí

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is é an comhlacht reachtúil neamhspleách in Éirinn é atá freagrach as:

- imscrúdú agus forfheidhmiú ar thuirisciú airgeadais tréimhsiúil eintiteas liostaithe áirithe;
- maoirseacht ar fheidhmeanna comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta i leith iniúchóirí reachtúla agus maoirsiú ar fheidhmeanna rialála na gcomhlachtaí cuntasóireachta forordaithe ('CCFanna');
- glacadh caighdeán maidir le hiniúcháireacht, le heitic ghairmiúil agus le rialú cáilíochta inmheánach; agus
- cigireacht agus cur chun cinn feabhsúchán ar cháilíocht iniúcháireachta na n-eintiteas leasa phoiblí.

Ainmníodh ÚMICÉ freisin mar an t-údarás inniúil le haghaidh clárú agus dearbhú cáilíochta iniúchóirí agus eintiteas iniúcháireachta tríú tír áirithe. Ní bhíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan.

Forléargas ar ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí agus forbairtí todhchaí ÚMICÉ sa tuarascáil bhliantúil.

Staid airgeadais

Leagtar amach go mionsonrach sócmhainní agus dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta sna ráitis airgeadais ar leathanaigh 11 go 25.

Rioscaí agus éiginnteachtaí

Deimhníonn na stiúrthóirí, de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), gur forbraíodh agus gur glacadh beartas agus nósanna imeachta bainistíochta riosca chun na príomhrioscaí gnó a bhíonn ag ÚMICÉ a aithint, a chainníochtú agus a bhainistiú.

Taifid chuntasaíochta

Chun a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta leordhóthanacha de réir cheanglais ailt 281 go 286 d'Acht 2014, d'fhostaigh ÚMICÉ Ceannasaí Airgeadais atá oilte go cuí agus tugann sé dóthain acmhainní don fheidhm airgeadais. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig chlárúithe ÚMICÉ ag Willow House, Páirc na Mílaoise, an Nás, Co. Chill Dara.

Faisnéis ábhartha faoin iniúchadh a sholáthar

De réir alt 330(1) d'Acht 2014, creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach tógtha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil an t-iniúchóir ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Go bhfios dóibh, níl aon fhaisnéis ábhartha

a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag an iniúchóir.

Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas i ndiaidh an dáta tuairiscithe a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

Iniúchóir

Fanann iniúchóir ÚMICÉ, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, in oifig de réir fhorálacha alt 927(2) d'Acht 2014.

Rialachas

Bunaíodh ÚMICÉ faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 ('Acht 2003'), agus feidhmíonn sé mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 d'Acht 2014. Tá neamhspleáchas reachtúil ag an mbord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhfeidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnaimh na foirne ceannais sinsearaí. Caithfidh an Príomhfeidhmeannach agus an fhoireann ceannais shinsearach an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Cé go bhfreastalaíonn bainisteoirí sinsearach ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfeidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir an bord agus lucht bainistíochta ÚMICÉ.

Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird i sceideal ábhar atá forchoimeáda don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coimhlintí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfeidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;
- ábhair lena gcinneadh;
- ábhair lena bplé;
- bainistíocht riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- an tuarascáil ón Rúnaí.

Éilíonn Alt 927 d'Acht 2014 ar ÚMICÉ gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('an tAire'), le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar bhord ÚMICÉ:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm; agus
- a chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a shuíomh airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 927 d’Acht 2014, agus mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, alt 281 d’Acht 2014. Tá an bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhorghas. D’fhaomh an bord an buiséad bliantúil le haghaidh 2021 ag a chruinniú an 22 Meán Fómhair 2020. Rinne an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhír agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú in 2021. Tharla meastóireacht leanúnach ar cheisteanna oibríochta ag gach cruinniú freisin. D’fhaomh an bord clár oibre trí bliana an Údarás le haghaidh 2020–2022 ar an 5 Samhain 2019.

Tá an bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2021.

Freagrachtaí an bhoird

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheap an tAire i ndiaidh d’eintitis a shonraítear in Acht 2014 iad a ainmniú. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord. Sonraítear in Acht 2014 go bhfeidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Foráiltear in Acht 2014 go bhféadfar comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana. Sa ghnáthchúrsa, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Leagtar amach thíos comhdhéanamh an bhoird an 31 Nollaig 2021, agus athruithe ón dáta sin i leith.

Comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2021

Comhalta boird	Slí bheatha	Comhlacht ainmniúcháin	Dáta ar ceapadh ar dtús é/í
Martin Sisk (An Cathaoirleach)	Aturnae agus iar-rialtóir	An tAire	21 Nollaig 2016
Clodagh Hegarty*	Léachtóir	CCFanna	30 Bealtaine 2020
David Hegarty	Príomhoifigeach	An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3 Eanáir 2020
Aisling Kennedy	Stiúrthóir	An tAire	10 Nollaig 2020
Aisling McArdle	An Ceannasaí Rialála, Euronext Dublin	ISE	29 Lúnasa 2019
Ronan Nolan*	Cuntasóir cairte	CCFanna	30 Bealtaine 2020
Kevin Prendergast*	An Príomhfheidhmeannach	Ex-officio	14 Samhain 2016
Brendan Sheridan*	An Ceannasaí Feidhme – Maoiniú Tionscail, Pleanáil, Tuairiscí agus Oibríochtaí	An Banc Ceannais	3 Eanáir 2021
Daniel Sinnott	Príomhoifigeach	Na Coimisinéirí Ioncaim	3 Eanáir 2021

* Léiríonn ballraíocht in CCF

Mionsonraí ceapachán/athcheapachán ar an mbord ón 1 Eanáir 2021 go dtí an dáta tuairiscithe

Stiúrthóir	Dáta ceaptha	Comhlacht ainmniúcháin	Cúis an fholúntais	An téarma in éag
Martin Sisk	22 Nollaig 2021	An tAire	An barántas ceapacháin féin imithe in éag	21 Nollaig 2024
Sandra Davey	26 Bealtaine 2022	Na Coimisinéirí Ioncaim	Éirí as Daniel Sinnott	2 Eanáir 2024
Aisling McArdle	3 Eanáir 2021	ISE	An barántas ceapacháin féin imithe in éag	2 Eanáir 2024
Kevin Prendergast*	14 Samhain 2021	Stiúrthóirí	An conradh ar théarma seasta féin imithe in éag	13 Samhain 2026
Brendan Sheridan*	3 Eanáir 2021	An Banc Ceannais	Barántas ceapacháin Mary Burke a bheith imithe in éag	2 Eanáir 2024
Daniel Sinnott	3 Eanáir 2021	Na Coimisinéirí Ioncaim	Barántas ceapacháin Kathleen Redmond a bheith imithe in éag	2 Eanáir 2024

* Léiríonn ballraíocht in CCF

Ní raibh siad seo a leanas ina stiúrthóirí amhail an dáta tuairiscithe:

Stiúrthóir	Comhlacht ainmniúcháin	Cúis an fholúntais	An téarma in éag
Daniel Sinnott	Na Coimisinéirí Ioncaim	Éirí as an mbord	14 Márta 2022

Chuir an bord tús le próiseas meastóireachta seachtraí ar a fheidhmíochta féin in 2021 go luath i mí Eanáir 2022. D'athbheithnigh an bord ceistneoir meastóireachta agus thionóil plé éascaithe chuige sin ag a chruinniú ar an 25 Eanáir 2022.

Féadfaidh an bord coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Ba é an coiste iniúchóireachta agus riosca (CIR) an t-aon choiste a bhí i bhfeidhm i rith na bliana. Tá triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste agus leagtar amach a théarmaí tagartha i gCairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt ról agus freagrachtaí sonracha an choiste. Ba iad comhaltaí an choiste ar an 31 Nollaig 2021 Aisling McArdle (an cathaoirleach), David Hegarty agus Ronan Nolan.

Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Rinneadh mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

	An Bord	CIR	Táillí (€)	Speansais (€)
	Cruinnithe ar ar freastalaíodh/cruinnithe a rabhtas i dteideal freastal orthu		Nóta 1	Nóta 2
Martin Sisk (An Cathaoirleach)	11/11		€11,970	€645
Kevin Prendergast (An Príomhfheidhmeannach)	8/8		-	Nóta 3
Clodagh Hegarty	11/11		€7,695	-
David Hegarty	11/11	4/4	-	-
Aisling Kennedy	11/11		€7,695	-
Aisling McArdle	10/11	4/4	€7,695	-
Ronan Nolan	11/11	3/4	€7,695	-

Nóta 1: Níl comhaltaí ar fostaithe san eanáil phoiblí iad, an Príomhfheidhmeannach ina measc, i dteideal táillí a fháil.

Nóta 2: I dteannta na speansas a leagtar amach ar an Tábla seo, thabhaigh ÚMICÉ costais €20,530 i leith seomraí a fháil ar cíós agus caiteachas teagmhasach a bhain le gníomhaíochtaí boird.

Nóta 3: Ní áirítear speansas a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach, stiúrthóir/comhalta boird ex officio, ar an tábla seo ar an mbunús go dtabhaíonn sé iad de bhun a róil mar Phríomhfheidhmeannach seachas mar chomhalta boird. I gcás ar bith, nochtar aon speansas a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach go poiblí i ráitis airgeadais ÚMICÉ.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
An Cathaoirleach
31 Bealtaine 2022

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
31 Bealtaine 2022

Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Leagtar amach thuas sonraí i dtaobh athruithe i gcomhaltas an bhoird i rith na tréimhse seo.

Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Leagtar amach i nóta 14 de na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan fabhrúithe pá saoire agus ranniocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000.

Costais sainchomhairleoireachta

Leagtar amach i nóta 17 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar shainchomhairleoireacht,

Costais dlí agus socruithe

Ní raibh aon socruithe dlí sa bhliain [2020: nialas]. Baineann na costais dlí a tabhaíodh le comhairle dhlí ghinearálta.

Caiteachas taistil agus cothabhála

Leagtar amach i nóta 16 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar thaisteal agus cothabháil.

Caiteachas fáilteachais

Leagtar amach i Nóta 18 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar fháilteachas.

Ráiteas comhlíontachta

Chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An raon freagrachta

Thar ceann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an mbord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear agus go ndéantar taifeadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in ÚMICÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An cumas dul i ggleic le riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag ÚMICÉ ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, agus feidhmíonn duine acu mar an Cathaoirleach. De réir alt 907(2A) d'Acht 2014, tá gach comhalta foirne eolach sna réimsí atá ábhartha do riaradh iniúcháireachta reachtúla. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé in 2021.

Cheap ÚMICÉ CrowleysDFK freisin mar iniúcháirí inmheánacha don tréimhse 2020–2022, ag a bhfuil na hacmhainní cuí chun tabhairt faoi chlár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste.

D'fhorbair ÚMICÉ beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi ról agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a mheastar a oibreoidh laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca ÚMICÉ, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laig rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag ÚMICÉ lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh ÚMICÉ agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasá is bhíonn siad. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Coiste an clár ag gach cruinniú. Tuairiscítear rioscaí measartha agus suntasacha don bhord freisin, agus bíonn bainistíocht riosca ina mhír ar bhuanchlár cruinnithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na

comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ceannais sinsearach;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú;
- sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais don Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha, cuntasóir gairmiúil; agus
- déanann an Príomhfeidhmeannach agus an bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsíúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirilínte reatha soláthair a chinntiú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag ÚMICÉ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ÚMICÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúcháirí, agus an lucht ceannais sinsearach laistigh de ÚMICÉ atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

Martin Sisk
Chairperson
An Cathaoirleach

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Feidhmíonn ÚMICÉ a fheidhmeanna agus úsáideann a chumhachtaí trí chuideachta faoi theorainn rátháíochta, a ainmníodh chun na críche sin de réir Acht 2014.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais, foilseacháin ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don tréimhse sin agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht 2014. Agus na ráitis airgeadais sin á ullmhú, a ullmhaíodh de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú de réir cleachtas chuntasaíochta Éireannacha a bhfuil glacadh ginearálta leo agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta iomchuí, na caighdeán sin a shainiú, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeán sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh ÚMICÉ de bheith i bhfeidhm.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Foráiltear freisin in alt 927(1) d'Acht 2014 go gcoimeádfaidh ÚMICÉ '... taifid, agus ullmhóidh sé gach cuntas is cuí agus is gnách –

- (a) ar gach ioncam a gheobhaidh sé, lena n-áirítear taifid ar fhoinsí an ioncaim sin,
- (b) ar gach caiteachas a thabhoídh sé, agus
- (c) ar a shócmhainní agus a dhliteanais.'

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
An Cathaoirleach
31 Bealtaine 2022

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
31 Bealtaine 2022

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Níor cuireadh aistriúcháin ar fáil

Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority for the year ended 31 December 2021 as required under the provisions of section 927 of the Companies Act 2014. The financial statements comprise the statement of financial position, the statement of income and expenditure, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of cash flows and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021
- have been properly prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland, and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Act 2014.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Conclusions related to going concern

The directors have prepared the financial statements on a going concern basis. As described in the appendix to this report, I conclude on

- the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting by the directors and
- whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern.

I have nothing to report in that regard.

Opinion on matters prescribed by the Companies Act 2014

Based solely on the work undertaken in the course of the audit, I report that in my opinion

- the information given in the report of the directors is consistent with the financial statements, and
- the report of the directors has been prepared in accordance with the Companies Act 2014.

I have obtained all the information and explanations that I consider necessary for the purposes of my audit.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, and the financial statements are in agreement with the accounting records.

The Companies Act 2014 also requires me to report if, in my opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not made. I have nothing to report in that regard.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The directors have presented certain other information with the financial statements. This comprises the annual report including the report of the directors, the statement on internal control and the director's responsibility statement. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Mark Brady
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
2 June 2022

Appendix to the report

Responsibilities of the Directors

As detailed in the directors' report, the directors are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under the Companies Act 2014
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 927 of the Companies Act 2014 to audit the financial statements of the Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.

- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the company to cease being a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 Athshonraithe €
Sócmhainní neamhreatha			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	4	44,382	48,770
		44,382	48,770
Sócmhainní reatha			
Fardal		2,371	2,265
Suimeanna infhaighte	5	152,258	339,097
Ioncam tobhaigh gnólachtaí iniúchóireachta ELP dlite	10	31,657	-
Costais léasa airgeadais iarchurtha	9	-	113
Airgead agus coibhéisí airgid	6	1,410,554	2,022,172
		1,596,840	2,363,647
Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin			
Suimeanna iníoctha	7	348,432	239,014
Dreasacht cíosa iarchurtha	8	6,710	6,710
Oibleagáidí léasa airgeadais	9	1,033	2,063
Barrachas ioncaim tobhaigh CCF	10	477,006	657,518
Barrachas ioncaim tobhaigh gnólachtaí iniúchóireachta ELP	10	-	717,177
Barrachas Ioncaim Deontais Roinne	10	141,968	121,779
		975,149	1,744,261
		621,691	619,386
Glansócmhainní reatha			
Suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin			
Dreasacht cíosa iarchurtha	8	18,758	25,469
Oibleagáidí léasa airgeadais		-	1,033
		18,758	26,502
Glansócmhainní roimh shochair scoir			
		647,315	641,654
Sochair scoir			
Dlíteanas sochair scoir	11	(9,687,000)	(8,137,000)
Maoiniú sócmhainne sochair scoir státchiste iarchurtha	11	9,687,000	8,137,000
		647,315	641,654
Glansócmhainní tar éis sochair scoir			
Cúlchistí			
Cúlchiste ioncaim		-	-
Cuntas caipitil	12	44,382	48,770
Ciste cúltaca		602,933	592,884
		647,315	641,654
Cistí comhaltaí			
		647,315	641,654

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
An Cathaoirleach
31 Bealtaine 2022

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
31 Bealtaine 2022

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 Athshonraithe €
Ioncam	13	4,411,785	4,488,501
Speansais riaracháin			
Costais foirne	14	3,402,130	3,245,574
Táillí na stiúrthóirí	15	42,750	40,943
Cóiríocht		523,297	260,717
Taisteal agus cothabháil	16	1,576	29,450
Seirbhísí dlí agus gairmiúla	17	100,128	304,868
Caiteachas oifige	18	46,133	62,166
Teicneolaíocht faisnéise		82,383	84,699
Forbairt ghairmiúil		122,368	97,269
Árachas		33,894	31,081
Luach saothair an iniúcháora	19	16,500	15,700
Dímheas		31,927	33,559
Speansais riaracháin iomlána		4,403,086	4,206,026
Barrachas ioncaim ar speansais riaracháin roimh chostais			
airgeadais		8,699	282,475
Costais airgeadais		3,046	324
Barrachas ioncaim ar speansais riaracháin tar éis costais airgeadais	5,653	282,151	
Ioncam airgeadais	20	8	102
Barrachas don bhliain		5,661	282,253
Ioncam cuimsitheach eile			
(Caillteanais) ó thaithí ar dhlíteanais na scéime pinsin		(548,000)	(257,000)
Athruithe ar thiomhdí		(68,000)	(1,915,000)
Coigeartú ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha		616,000	2,172,000
Barrachas iomlán aitheanta don bhliain		5,661	282,253

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
An Cathaoirleach
31 Bealtaine 2022

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
31 Bealtaine 2022

An Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Cúlchiste ioncaim €	Cuntas Caipitil €	Ciste Cúltaca €	GLAN-SÓC-MHAINNÍ €
Iarmhéid – 1 Eanáir 2020	-	74,537	284,864	359,401
Barrachas don bhliain (mar a athshonraíodh)	282,253	-	-	282,253
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:				
Ioncam curtha i bhfeidhm ar fhálacha sócmhainne caipitilthe	(7,792)	7,792	-	-
Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm de réir dímheas sócmhainne	33,559	(33,559)	-	-
Ioncam infhaighte ó airgead an chiste cúltaca	(20)	-	20	-
Ioncam ó fhíneálacha – alt 934	(72,000)	-	72,000	-
Aisghabháil costais – alt 934 (mar a athshonraíodh)	(236,000)	-	236,000	-
(Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsin	(2,871,000)	-	-	(2,871,000)
Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha	2,871,000	-	-	2,871,000
Iarmhéid – 31 Nollaig 2020 / 1 Eanáir 2021	-	48,770	592,884	641,654
Barrachas don bhliain	5,661	-	-	5,661
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:	-	-	-	-
Ioncam curtha i bhfeidhm ar fhálacha sócmhainne caipitilthe	(27,539)	27,539	-	-
Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm de réir dímheas sócmhainne	31,927	(31,927)	-	-
Ioncam infhaighte ó airgead an chiste cúltaca (díúltach)	451	-	(451)	-
Ioncam ó fhíneálacha – alt 934	(10,500)	-	10,500	-
(Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsin	(1,550,000)	-	-	(1,550,000)
Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha	1,550,000	-	-	1,550,000
Iarmhéid – 31 Nollaig 2021	-	44,382	602,933	647,315

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
An Cathaoirleach
31 Bealtaine 2022

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
31 Bealtaine 2022

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021 €	2020 €
Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	21	(584,087)	274,107
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús faighte		8	102
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil		(27,539)	(7,792)
(Laghdú)/Méadú ar airgead agus coibhéisí airgid sa bhliain		(611,618)	266,417
Réiteach glansreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí			
(Laghdú)/Méadú ar ghlan-chistí sa bhliain	22	(611,618)	266,417
Glan-chistí amhail an 1 Eanáir		2,022,172	1,755,755
Glan-chistí amhail an 31 Nollaig		1,410,554	2,022,172

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Martin Sisk
An Cathaoirleach
31 Bealtaine 2022

Kevin Prendergast
An Príomhfheidhmeannach
31 Bealtaine 2022

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir reachtaíocht infheidhme agus Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Toisc nach mbíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan, chinn na stiúrthóirí gur cuí Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ina nochtar an barrachas nó an t-easnamh don bhliain seachas cuntas Brabúis agus Caillteanais dá bhforáiltear in alt 291(5) d'Acht 2014. Ar an gcaoi chéanna, tugtar an fhaisnéis ar fad sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais a nochtfaí seachas sin ar an gClár Comhardaithe.

De réir FRS 102, is éard atá sna Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas

ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

1.1 Coigeartú don bhliain roimhe sin

Mar a nochtadh i ráitis airgeadais 2020 (Nóta 5), bhí costais €236,000 san iomlán ar fhéichiúnaí CCF, costais a bhain le himscrúdú faoi alt 934 d'Acht 2014. Bhí ar an Údarás na costais sin a íoc ar dtús, agus cuireadh an aisghabháil chun sochair don ráiteas ar ioncam in 2020. D'athbhreithnigh na stiúrthóirí a gcur chuige cuntasáíochta i leith an idirbhirt sin. Éilíonn alt 919 den Acht go n-íocfaí costais mar sin i gCiste Cúltaca reachtúil an Údaráis, agus nár cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé san áireamh mar ioncam ginearálta. Leagtar amach an tionchar ar ráitis airgeadais 2020 anseo thíos:

An Ráiteas ar Staid an Airgeadais	Mar a sonraíodh €	coigeartú €	mar a athshonraíodh €	Trácht
Barrachas ioncaim tobhaigh CCF	799,118	(141,600)	657,518	60% de €236,000 aistrithe ó ioncam athfhillteach go dtí an ciste cúltaca
Barrachas ioncaim deontais Roinne	216,179	(94,400)	121,779	40% de €236,000 aistrithe ó ioncam athfhillteach go dtí an ciste cúltaca
Cúlchiste ciste cúltaca	356,884	236,000	592,884	aistriú cistí chuig an gciste
Leasú iarmhartach ar shócmhainní iomlána agus cistí comhaltaí				
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas				
Ioncam	4,252,501	236,000	4,488,501	Méadú ar ioncam athfhillteach a theastaíonn chun an t-aistriú chuig an gciste cúltaca a chúiteamh
Leasú iarmhartach ar an mbarrachas don bhliain				
An Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil				
Barrachas don bhliain	46,253	236,000	282,253	Méadú iarmhartach ar an mbarrachas
Aistriú ón gcuntas loncaim agus Caiteachais: cúlchiste ioncaim	-	(236,000)	(236,000)	aistriú cistí idir cúlchistí
Aistriú ón gcuntas loncaim agus Caiteachais	-	236,000	236,000	aistriú cistí idir cúlchistí
Leasú iarmhartach ar iarmhéid an chiste cúltaca				

2 Beartais chuntasaíochta i bhfeidhm

2.1 Sócmhainní neamhreacha – dímhneas

Luaitear sócmhainní neamhreacha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag costas lúide dímhneas carntha. Muirearaítear an dímhneas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas de réir méid chothroim, agus ríomhtar an muirear thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní.

2.2 Fardal

Léiríonn stoic ar láimh amhail deireadh na tréimhse stoic earraí inchaite teicneolaíochta faisnéise agus earraí inchaite oifige, agus luaitear iad ag an luach is ísle idir an costas agus an glanluach inréadaithe.

2.3 Aithint ioncain

Faigheann ÚMICÉ ioncam ó fhoinsí éagsúla chun íoc as an gcaiteachas a thabhaítear i riaradh a fheidhmeanna. Go ginearálta, aon suimeanna a fhaightear a bhí níos mó nó níos lú ná an caiteachas a tabhaíodh, aithnítear iad mar chreidiúnaí nó mar fhéichiúnaí faoi seach. Foráiltear le halt 921(I) d'Acht 2014 go laghdaíonn suimeanna barrachais an tsuim iniúchta don tréimhse airgeadais dár gcionn. Leagtar amach thíos bunús an mhaoinithe agus an beartas cuntasaíochta maidir le haithint ioncain.

Foinse ioncain	Cuspóir	Beartas aitheanta
Levy Income		
An Stáitchiste (tríd an Roinn)	Maoiníonn an Stáitchiste 40% de ghlancaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach maoinítear ó na foinsí eile a liostaítear thíos.	Arna aithint de réir an chaiteachais a tabhaíodh i riaradh na feidhme sa tréimhse airgeadais. Aithnítear suimeanna a fhaightear sa bhreis ar an tsuim sin mar chreidiúnaithe.
Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe	Maoiníonn CCFanna 60% de ghlancaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach maoinítear ó na foinsí eile a liostaítear thíos.	
Gnólachtaí iniúcháireachta Eintitis Leasa Phoiblí ('ELP')	Maoiníonn gnólachtaí iniúcháireacht ELP costais a bhaineann le cigireacht ar cháilíocht iniúchtaí ar ELPanna	
An Stáitchiste (tríd an Roinn)	Maoiníonn an Stáitchiste costais a bhaineann lena fheidhmeanna faoin Treoir um Thrédhearcacht	
Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta ('CCAnna')	Maoiníonn CCAnna (CCFanna atá údaraithe chun iniúcháirí a aithint) costais a bhaineann le glacadh Caighdeán Cuntasaíochta lena n-úsáid in Éirinn	
An Stáitchiste (tríd an Roinn)	Úsáidtear an Ciste Cúltaca go príomha chun íoc as costais a bhaineann le fiosrúcháin reachtúla alt 933. Nuair a thagann tobhaigh chun cinn, muirearaítear iad don Stáitchiste agus CCFanna faoi seach i gcóimheas 40:60 faoi alt 919 d'Acht 2014	Arna aithint ar dháta faofa an Aire.
Ioncam Neamh-thobhaigh		
Ioncam ó fhíneálacha	Ioncam a thagann as fhíneálacha a ghearrann ÚMICÉ ar bhonn fiosrúcháin agus imscrúduithe reachtúla faoi ailt 933 agus 934 faoi seach d'Acht 2014, lóisteáiltear é sa Chiste Cúltaca, agus ní féidir é a úsáid ach chun íoc as costais fiosrúcháin nó imscrúdaithe a bhaineann leis an alt céanna sin.	Arna aithint ar an dáta socraithe (má shocraítear é) nó ar dháta faofa na hArd-Chúirte
Aisghabháil costas imscrúdaithe	Ag brath ar an gcineál sáraithe atá i gceist, maoiníonn ábhar an imscrúdaithe (an 'duine sonraithe') nó CCA dá bhfuil an duine sonraithe ina chomhalta, imscrúduithe faoi alt 934 d'Acht 2014.	Arna aithint ar an dáta socraithe (má shocraítear é) nó ar dháta faofa na hArd-Chúirte
Táillí eintiteas iniúcháireachta trú tír	Úsáidtear an t-ioncam seo chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais a bhaineann le próiseáil iarratas ar aitheantas ó iniúcháirí nach de chuid an Aontais Eorpigh iad lena n-aithint in Éirinn.	Arna n-aithint tráth an chláráithe. Caithfear táillí cláráithe sa bhreis ar €40,000 a thabhairt ar ais don Roinn.

2.3 An príomhphearsanra bainistíochta

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh.

2.4 Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí

Feidhmíonn ÚMICÉ Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Poiblí (“an Scéim Aonair”) freisin, scéim sochair shainithe d’fhostaithe inphinsin san earnáil phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3 Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

3.1 Sochair Scoir

